



Meán Fómhair, 2018 2017 - 2018: Roghbhlúire

98,474

LÍON NA
NDAOINE AR
AN GCLÁR



Líon na ríomhirsí
agus seimineár
gréasáin taighde

36,977

 GRINNFHIOSRÚ
AR MHÚINTEOIRÍ

1,759



LÍON NA NDAOINE A
BHÍ RANNPHÁIRTEACH
IN DROICHEAD

CÉ MHÉAD LÉIRIÚ
SPÉISE IN
COSÁN

600

50


CÉ MHÉAD GEARÁN
FEIDHMIÚLACHTA
CHUN MÚINEADH



CÉ MHÉAD UAIR
A BAINNEADH ÚSÁID
AS AN ÁIS CUARDAIGH



151,087



CUAIRTEOIRÍ AR
AN SUÍOMH
GRÉASÁIN

430,000

2.5 MILLION
LÍON NA
GCUARDACH
AR EBSCO

Brollach



Le Noelle Moran, Uasal,
Cathaoirleach na Comhairle Múinteoireachta

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil 2017/2018 de chuid na Comhairle Múinteoireachta a chur faoi bhur mbráid. Ba bhliain an-ghnóthach agus an-suntasach é seo don Chomhairle agus is mór an onóir dom bheith mar chathaoirleach ar an gComhairle Mhúinteoireachta ó toghadh mé mí na Samhna seo caite. Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh agus buíochas a ghabháil leis an gcathaoirleach a bhí ann romham, Gerry Quinn, Uasal, as ucht a cheannaireachta agus é mar chathaoirleach ar an gComhairle le linn na tréimhse nuair a ghlacamar leis an oifig mar an Chomhairle nua i mí Aibreáin 2016.

I dtosach báire sa tuarascáil seo, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair den scoth atá ar siúl ar fud na hÉireann i ngach scoil. Táimid mar mhúinteoirí ag cuidiú leis an gcéad ghlúin eile a threorú le bheith tuisceanach, ar an eolas agus mar bhaill dhearfacha den tsochaí. Bíonn ról an-lárnach ag an gComhairle Mhúinteoireachta ag tacú leis na múinteoirí sin a chuireann an ról ríthábhachtach sin i gcrích.

Ag deireadh na bliana tuairiscithe bhí 98,474 múinteoir ar an gClár agus bhí 5,997 iontrálaí nua ann. Is mian leis an gComhairle Mhúinteoireachta spreagadh a thabhairt do líon níos mó daoine cumasacha agus éirimiúla le dul isteach sa ghairm agus tugaimid an méid tacaíochta agus is féidir linn dár múinteoirí nua.

I rith na bliana d'fhéach mé go cúramach ar na chéad éisteachtaí Feidhmiúlachta chun Múineadh. Tá an obair seo, a dhéantar le gearáin a imscrúdú, agus má thuilleann siad éisteacht faigheann siad ceann, ríthábhachtach d'ardchaighdeán ár ngairme agus a gairmithe. Tá sé an-tábhachtach nach mbaintear an bonn ó na múinteoirí uile a mbíonn ról ríthábhachtach acu ina scoileanna agus pobail mar gheall ar fhíorbheagán den ghairm a bhíonn siléigeach faoi chaighdeáin. Ba fhreagracht nua é an fheidhm Feidhmiúlachta chun Múineadh a bhí dúshlánach agus iomráiteach don Chomhairle ach ba chóir go mbeadh impleachtaí dearfacha ann don ghairm le himeacht na míonna agus na mblianta amach romhainn.

I rith na bliana tuairiscithe, lean an Chomhairle ag cur ina luí ar an Aire agus ar an Roinn Oideachais agus Scileanna an fíorghá atá ann Alt 28 den Acht Oideachais a chur i bhfeidhm. Mar thoradh air seo, chinnteofaí go mbeadh creat reachtúil agus nósanna imeachta ag na gearáin a d'fhéadfaí a réiteach ag an leibhéal áitiúil ina ndéanfaí iad a phróiseáil seachas a leithéid de ghearáin ag teacht díreach chuig an gComhairle Mhúinteoireachta.

I rith na bliana tuairiscithe cuireadh Plean Straitéiseach na Comhairle do 2018 – 2020 i gcrích freisin. Tá príomhspriocanna leagtha amach sa phlean seo agus déanfaimid gach iarracht iad a bhaint amach lena chinntiú go leanaimid lenár n-ardchaighdeáin a chur chun cinn agus a dhearbhu, chun tacaíocht agus spreagadh a thabhairt don chomhfhoghlaim agus chun an fholláine a chothú agus a chur chun cinn i measc ár gcomhghleacaithe.

Is cúis áthais dom foireann chomhaltaí na Comhairle a threorú, atá an-díograiseach agus a oibríonn go han-chrua, agus a oibríonn gan stad gan staonadh le cuspóirí agus aidhmeanna na Comhairle Múinteoireachta a bhaint amach leis na caighdeáin is airde sa ghairm mhúinteoireachta a chur chun cinn. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as ucht a gcuid tacaíochta leanúnaí. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le Tomás Ó Ruairc, Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta, Brendan O'Dea, an Leas-Stiúrthóir agus bainistíocht agus baill foirne na Comhairle as ucht an obair dhian atá déanta acu agus an tacaíocht leanúnach a thugann siad don Chomhairle agus a cuid oibre agus domsa sa ról atá agam mar an cathaoirleach.

Noelle Moran

Ms Noelle Moran

Tuarascáil an Stiúrthóra



Le Tomás Ó Ruairc

Ba bhliain shuntasach agus thábhachtach é Bliain Tuairiscithe Bhliantúil 2017/2018 don Chomhairle Mhúinteoireachta agus rinneadh cuid mhór forbairtí nua ó thaobh tacaíochtaí do mhúinteoirí, feidhmeanna nua agus rannpháirtíocht bheartais leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus comhlachtaí páirtithe leasmhara. Sa tuarascáil seo, leagtar amach na príomhréimsí oibre a rinneadh i rith na bliana.

Sula mbreathnaímid ar roinnt de na forbairtí nua sin is mian liom aitheantas agus ómór a thabhairt dár múinteoirí, atá, ó mo chuid taithe féin, inspioráideach agus nuálach chomh maith le bheith gairmiúil agus a bheith comhbhách don chaoi ina gcuidíonn siad le treoir agus oideachas a thabhairt dár nglúnta amach anseo. Tá a fhios agam go mbíonn brú i gceist leis an ról agus uaireanta meastar nach bhfaigheann sé an t-aitheantas ceart. Is é an mhúinteoireacht an ghairm is tábhachtaí inár sochaí – téann sí go mór i bhfeidhm orainn agus tá sí mar bhonn agus taca ag an dul chun cinn sóisialta agus eacnamaíoch. Mar thoradh ar do chuid rannpháirtíochta sa Chomhairle Mhúinteoireachta le bliain anuas, bhíomar in ann cuid mhór a bhaint amach.

Bhí inspioráid agus nuálaíocht mhúinteoirí na hÉireann ar taispeáint go bródúil agus go soiléir ag FÉILTE, áit ar réachtáil an Chomhairle Mhúinteoireachta ár gceiliúradh bliantúil den mhéid is fearr atá á chur ar fáil ag múinteoirí na hÉireann. D'éirigh thar cionn leis seo arís agus bhí níos mó ná 1,000 duine ag freastal air, bhí eochairchainteoirí inspioráideacha ar nós Joanne O'Riordain agus Adam Harris agus an tAire Bruton linn chun féachaint ar scéalta cumhachtacha cuid mhór mhúinteoirí agus chun éisteacht leo. Is rud inspioráideach é an díograis ag na himeachtaí seo agus léirítear dúinn cé chomh hiontach agus atá an ghairm seo atá againn.

Is fiontar ollmhór é FÉILTE gach bliain agus ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le foireann na Comhairle Múinteoireachta a mbíonn ionchur acu ann le go n-éireoidh thar cionn leis.

Forbairt an-suntasach a tharla i rith na bliana ná gur chuir na múinteoirí uile atá cláraithe leis an gComhairle atá ag múineadh inár scoileanna ar fud na tíre Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána i gcrích. Is sprioc an-tábhachtach é seo a léiríonn conas atáimid ag leanúint ar aghaidh agus an iontaoibh, seasamh agus meas don ghairm á gcur chun cinn inár bpobail. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na múinteoirí a bhí rannpháirteach sa chlár seo agus leis na baill foirne den Chomhairle Mhúinteoireachta freisin a d'oibrigh i gcomhar le Lárionad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána agus le baill dár ngairm a chinntigh gur tharla sé seo.

Saincheist thábhachtach agus iomráiteach i rith na bliana ba ea Soláthar Múinteoirí. Tar éis píosa oibre tábhachtach a chur i gcrích don Roinn maidir leis an saincheist seo in 2015 ba shaincheist é seo a raibh tuairimí an-fheasach ag an gComhairle uirthi. I rith na bliana bhuaill mé le cuid mhór mhúinteoirí, lucht déanta beartais agus polaiteoirí lena chinntiú go raibh tuairimí na Comhairle Múinteoireachta suas chun dáta agus go raibh tuiscint orthu. Réachtáil an Chomhairle Fóram um Sholáthar Múinteoirí chun éisteacht leis na tuairimí agus moltaí éagsúla maidir leis an ngéarchéim seo atá ag teacht chun cinn sa ghairm. Tá ionadaíocht ag an gComhairle ar an nGrúpa Stiúrtha um Sholáthar Múinteoirí a bhunaigh an tAire agus mar an Stiúrthóir, táim mar chathaoirleach ar cheann de na Grúpaí Oibre. Tá an-chuid fós le déanamh ach tá dul chun cinn tábhachtach déanta trí eolas agus soiléiriú a dhéanamh ar na saincheisteanna éagsúla do na príomhpháirtithe leasmhara agus dóibh siúd a dhéanann cinntí maidir le beartais. Tá sé rithábhachtach go gcuirimid feabhas ar ár gcomhoibriú maidir leis an saincheist seo lena chinntiú go leanann an tsamhail d'oideachas mhúinteoirí atá againn ag cinntiú go mbíonn dóthain soláthar mhúinteoirí ann chun na riachtanais aitheanta dár ndaltaí, scoláirí agus den chóras i gcoitinne, a chomhlíonadh.

An bhliain seo caite chuireamar ár bPlean Straitéiseach suas go dtí 2020 i gcrích freisin, ina gcinntítear go bhfuil spriocanna soiléire, sainithe agus comhroinnte againn le baint amach. Chomh maith leis sin lainseáladar an tsraith taighde thábhachtach, CROÍ (Comhoibriú agus Taighde um Nuálaíocht Leanúnach) chun tacú le huailmhianta taighde ár mball atá leanúnach agus ríthábhachtach. I mí na Samhna, bhí ár gcéad éisteachtaí um Fheidhmiúlacht chun Múineadh ar siúl againn inár n-oifigí i Maigh Nuad, a spreag na meáin agus spéis phoiblí. Is feidhm an-chasta í seo atá á bainistiú ag an gComhairle anois agus ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil leis an bhfoireann sa Chomhairle a dhéanann maoirseacht sa réimse seo.

I mí na Samhna seo cáithe toghadh ár gCathaoirleach nua, Noelle Moran, a tháinig in áit Gerry Quinn sa ról. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Gerry as ucht a chuid oibre go léir agus a dhíograis i dtreo na Comhairle agus buíochas a ghabháil le Noelle Moran as ucht a cuid rannpháirtíochta agus a cuid tacaíochta ó toghadh í. Ba thréimhse ghnóthach a bhí ann don Chomhairle agus tá ríthábhacht le tacaíocht an Chathaoirligh le go n-éireoidh léi.

Ar deireadh, i mí Eanáir na bliana seo, ba chúis áthais é don Chomhairle Creatlach Tacaíochta Taighde na Comhairle in onóir do John Coolahan atá ar shlí na fírinne agus a bhí mar inspioráid dúinn ar fad i ngairm na múinteoireachta. Ba ócáid iontach é go raibh John ag an ócáid bhronnta chistí. Ba chúis mhór bróin dúinn é nuair a chualamar go bhfuair sé bás i mí an Mheithimh agus déanaimid comhbhrón lena theaghlach agus lena chairde.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar fad sa Chomhairle, na baill foirne ghairmiúla agus comhaltaí na Comhairle as ucht a gcuid oibre uile, tiomantais agus fuinnimh i rith na bliana ag tacú le gairm as a bhfuilimid chomh broidiúil sin agus fáth maith leis.



Tomás Ó Ruairc

Clár an Ábhair

1	Eolas faoin gComhairle Mhúinteoireachta	8
2	Cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach	10
3	An Clár Múinteoirí	12
4	Feabhas a chur ar chaighdeán a bhaineann le hiompar agus cleachtadh gairmiúil	14
5	Oideachas Tosaigh Múinteoirí & Ionduchtú	18
6	Teagasc, foghlaim agus taighde	20
7	An mhúinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn	23
8	Eagraíocht éifeachtúil agus éifeachtach a fhorbairt agus a chothabháil	26

Appendices

Appendix 1	Na Ráitis Airgeadais	30
Appendix 2	Comhaltaí na Comhairle Múinteoireachta	48
Appendix 3	Coistí agus painéil	49
Appendix 4	Costais chomhaltaí na Comhairle 2017	53

Eolas faoin gComhairle Mhúinteoireachta

Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta ar bhonn reachtúil i mí an Mhárta 2006. Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta an comhlacht um chaighdeáin ghairmiúla do ghairm na múinteoireachta, a dhéanann caighdeáin ghairmiúla sa mhúinteoireacht a chur chun cinn agus a rialáil.

Feidhmíonn sí ar mhaithe le leas an phobail agus ag an am céanna tacaíonn sí agus cuireann sí le caighdeáin na múinteoireachta.

Comhaltas na Comhairle Múinteoireachta

Tá 37 comhalta ar an gComhairle agus tá 16 chomhalta díobh seo ina múinteoirí cláraithe a thoghann na múinteoirí. Sa chéad ráithe de 2018, cuireadh tús leis an bpróiseas le hainmniúcháin a lorg ó na comhlachtaí atá ainmnithe sna hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001-2015 le teacht in áit an 16 chomhalta ainmnithe atá ag imeacht a raibh a dtéarma oifige le dul in éag ar an 4 Aibreán 2018. San áireamh sna comhlachtaí ainmniúcháin tá na hInstitiúidí Ardoideachais, ceardchumann na múinteoirí, bainistíocht scoileanna, agus Comhairlí Náisiúnta na dTuismitheoirí. Cheap an tAire na comhaltaí nua i mí Aibreáin 2018.

Tá an comhaltas déanta suas mar seo a leanas:


- 11 mhúinteoir bunscoile, naonúr díobh atá tofa agus beirt díobh atá ainmnithe ag ceardchumann múinteoirí
- 11 mhúinteoir iarbhunscoile, seachtar díobh atá tofa agus ceathrar díobh atá ainmnithe ag ceardchumann múinteoirí
- beirt atá ainmnithe ag coláistí oideachais
- beirt atá ainmnithe ag comhlachtaí tríú leibhéal sonraithe
- ceathrar atá ainmnithe ag bainistíocht scoile (beirt ag leibhéal na bunscoile agus beirt ag leibhéal na hiarbhunscoile)
- beirt ainmnithe ag cumainn tuismitheoirí (duine amháin ag leibhéal na bunscoile agus duine amháin ag leibhéal na hiarbhunscoile) agus
- cúigear atá ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna, lena n-áirítear duine amháin a dhéanann ionadaíocht do Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) agus duine amháin a dhéanann ionadaíocht do Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU).

Tá tuilleadh mionsonraí faoi chomhaltas na Comhairle Múinteoireachta le fáil in Aguisín 2.

An fhoireann ardbhainistíochta

I rith na bliana tuairiscithe fuair an Chomhairle Mhúinteoireachta tacaíocht ina gcuid oibre ó fhoireann feidhmiúcháin de 44 ball foirne, faoi stiúir foirne ardbhainistíochta.

Cairt eagraíochta



Cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach

Plean Straitéiseach 2015-2017

Lean an Chomhairle Mhúinteoireachta ag déanamh dul chun cinn suntasach i rith na bliana tuairiscithe ag forbairt spriocanna Phlean Straitéiseach 2015 – 2017:

- Ag eascairt as an tréimhse phíolótach ó 2013 – 2016, chuir Droichead, an chreatlach ionduchtúcháin ghairmiúil chomhtháite do Mhúinteoirí Nuacháilithe, tús lena chéim fáis i dtreo a chur i bhfeidhm iomláin.
- Rinneadh creidiúnú agus monatóireacht ar chúig chlár d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí.
- Rinneadh an chéad chreat náisiúnta um fhoghlaim múinteoirí, Cosán, a fhaomhadh agus a fhoilsiú i mí an Mhárta, 2016
- In 2017 amháin rinneadh níos mó ná 40,000 iarratas ar ghrinnfhiosrú a phróiseáil. Ba dhul chun cinn suntasach é seo i dtreo cláir iomláin de mhúinteoirí a bhfuil grinnfhiosrú déanta orthu.
- Bhí beagnach 100,000 múinteoir ar an gclár faoi mhí na Nollag, 2017.
- Tháinig tús feidhme le ról na Comhairle maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh i mí Iúil 2016 agus bhí an chéad imscrúdú ar siúl i mí na Samhna 2017
- Lainseáil an Chomhairle Sraith Taighde CROÍ, (Comhoibriú agus Taighde um Nuálaíocht Leanúnach) a léiríonn go bhfuil an taighde mar chroílár an teagaisc agus na foghlama.

Plean Straitéiseach 2018 -2020

Cuireadh Dréachtphlean Straitéiseach 2018 – 2020 ar fáil i rith na bliana tuairiscithe. Sa phlean seo leagtar amach Ráiteas Aidhme na Comhairle:

“Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta na hardchaighdeáin a fhorbairt, a chur chun cinn agus a dhearbhu in oideachas múinteoirí agus i ngairmiúlacht múinteoirí trí pholasaithe éifeachtacha, rialáil agus taighde. Déanaimid iarracht tacaíocht a thabhairt don chomhfhoghlaim, folláine, fás agus nuálaíocht do gach múinteoir agus foghlaiméoir. Sa chaoi seo, déanaimid iarracht timpeallacht a chothú ina mbíonn an teagasc agus foghlaim ar ardchaighdeáin faoi bhláth.”



Sa phlean, leagtar amach freisin seacht sprioc straitéiseacha do 2018-2020:

1

An dul chun cinn atá déanta i dtreo leanúntas Oideachas Múinteoirí gan uaim a bhaint amach a chomhdhlúthú agus a chur in iúl

2

Obair i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus na páirtithe leasmhara le samhail agus próiseas a chomhaontú lena chinntiú go mbeidh soláthar múinteoirí ag teacht le héileamh ar mhúinteoirí

3

Tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí agus iad ag cur feabhais ar a gcleachtadh gairmiúil trí na creatlaí foghlama gairmiúla a éascaíonn cultúr de chomhfhoghlaim

4

Leanúint ar aghaidh agus an iontráil sa ghairm a chaomhnú trí na hardchaighdeán atá ann don oideachas tosaigh múinteoirí, chomh maith le próisis athbhreithnithe éifeachtacha agus éifeachtúla

5

A chinntiú go bhfuil an cur i bhfeidhm maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh láidir, cothrom agus trédhearcach do mhúinteoirí agus don phobal i gcoitinne

6

Gairm na múinteoireachta a chur chun cinn, lena n-áirítear folláine agus cur leis an bhfeasacht maidir le hobair na Comhairle trí chumarsáid nuálach agus inrochtana

7

A chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní ag an gComhairle Mhúinteoireachta, lena n-áirítear ó fhoinsí eile chun tacú le bealaí éifeachtacha le hoibriú a dhéanamh, rialachas corparáideach a chomhlíonadh agus polasaithe éifeachtúla a fhorbairt

An Clár Múinteoirí

Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta atá freagrach as baill ghairm na múinteoireachta a chlárú. Is é atá i gceist leis sin an Clár Múinteoirí a bhunú agus a chothabháil; caighdeáin iontrála don Chlár a shocrú; agus iarratais le bheith curtha leis an gClár a mheasúnú.

Clárúcháin

Bhí 98,474 múinteoir ar an gClár ar an 27 Márta 2018. Is glanmheadú é seo de 3,546 thar an mbliain roimhe. Ar an iomlán bhí 5,997 cláraí nua iontráilte ar an gClár agus bhí an méadú ba mhó (24%) i mBreisoideachas.

I rith mhíonna an tsamhraidh in 2017, rinne 3,069 múinteoir nuachláraithe iarratas ar chlárú faoi Bhealach 1 Bunscoil, Bealach 2 Iarbhunscoil agus Bealach 4 Eile ag baint úsáid as an bpróiseas mear.

Tá an Clár Múinteoirí rangaithe faoi na Bealaí Clárúcháin (ar ar tugadh Rialacháin roimhe seo). D'fhéadfadh roinnt múinteoirí bheith cláraithe faoi níos mó ná bealach amháin

Bealach Clárúcháin	Líon iomlán na Múinteoirí Cláraithe
Bealach 1 - Bunscoil	46,067
Bealach 2 - Iarbhunscoil	43,452
Bealach 3 - Breisoideachas	11,918
Bealach 4 - Eile	1,216

Note: Some teachers may be registered under more than one route.

Thar na tréimhse seo de 12 mhí, d'imigh clárú 3,133 múinteoir in éag ón gClár ar chúiseanna éagsúla e.g. bainte go deonach, gan an táille athnuachana a íoc, gan an grinnfhiosrú a chomhlíonadh nó gan tabhairt faoi na coinníollacha. Rinneadh tuairim is 50 de na múinteoirí seo iarratas arís ar athchlárú a dhéanamh ina dhiaidh sin.

Is é an briseadh síos inscne ar an iomlán atá ann go fóill na 23% d'fhir agus 77% de mhná atá i gcomhréir leis na nósanna idirnáisiúnta.

Clárú a Athnuachan

Ó mhí Eanáir 2014, is gá do mhúinteoir clárú leis an gComhairle le tuarastal atá maoinithe ag an Stát a fháil. Maireann an Clárú ar feadh 1 bhliain agus ní mór do mhúinteoirí a gclárú a athnuachan gach bliain le fanacht ar an gClár Múinteoirí. Tá an táille athnuachana ar chlárú fós ag €65 agus is féidir faoiseamh cánach ioncaim a éileamh. I rith na bliana, rinne 93,680 múinteoir a chlárú a athnuachan agus roghnaigh 86% díobh an rogha le híocaíocht a dhéanamh ar líne.

Clárú le Coinníollacha

Nuair a chláraíonn múinteoirí ar dtús, mura mbíonn riachtanais uile na Comhairle comhlíonta acu, déantar iad a chlárú le coinníollacha. Bíonn na coinníollacha atá i bhfeidhm ar chlárú múinteora, agus na modhanna agus tréimhsí ama le tabhairt faoi na coinníollacha seo, leagtha amach don mhúinteoir nuair a chláraíonn siad. Go hiondúil tugtar trí bliana do mhúinteoirí le tabhairt faoi na coinníollacha dá gclárú agus is féidir síneadh ama a lorg i gcásanna eisceachtúla. Rinneadh teagmháil le 1,993 múinteoir ar an iomlán a raibh coinníollacha acu a bhí ag seasamh amach trí mhí roimh na dátaí éagtha agus d'iarr 1,195 díobh síneadh agus bronnadh é orthu. I rith na bliana, baineadh 6,070 coinníoll de chlárúcháin múinteoirí mar go raibh siad comhlíonta.

Ó mhí Mheán Fómhair 2017, chuir an Chomhairle tús le riarachán iomlán a dhéanamh ar phróiseas ionduchtúcháin ghairmiúil de chuid Droichead do mhúinteoirí nuacháilithe. Roimhe seo, is é Ionad Oideachais Luimnigh (LEC) a rinne na hiarratais a phróiseáil thar ceann na Comhairle. Ar an iomlán, rinne 1,759 múinteoir iarratas ar thús a chur le próiseas Droichead in 651 bunscoil, iarbhunscoil agus scoil oideachais speisialta.

Tionscadal Dearbhaithe MGO

Sa tionscadal seo bíonn na múinteoirí iarbhunscoile faoi oiliúint atá sa chéad bhliain den Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas (MGO) in ann a dhearbhu go gcomhlíonann a n-ábhair bhunchéime riachtanais na Comhairle don teagasc in ábhar curaclaim amháin ar a laghad. Dearbhaíonn sé seo go bhfuil siad i dteideal clárú leis an gComhairle nuair a chríochnaíonn siad a staidéir máistreachta. Bhain 77% de na múinteoirí faoi oiliúint leas as an bpróiseas

Ombudsman

Fuair an Chomhairle dhá fhiosrú ó Oifig an Ombudsman maidir le gearáin a chuir múinteoirí isteach i dtaca le cúrsaí clárúcháin. Chuir an Chomhairle an t-eolas iomchuí ar fad agus na soiléirithe a iarradh ar fáil. Sa dá chás chuir an tOmbudsman toradh ar fáil agus níos seasadh leo agus dearbhaíodh próisis na Comhairle.

Ag Teacht ar Eolas ar an gClár

Faoin reachtaíocht tá sé riachtanach don Chomhairle an Clár a chur ar fáil le haghaidh cigireachta poiblí. Rinneadh é seo trí áis ar líne “Cuardaigh an Clár” ar shuíomh gréasáin na Comhairle. Baineadh úsáid as an áis seo 151, 087 uair i rith na bliana. .

Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Déanann an Chomhairle grinnfhiosrú na múinteoirí a riar chun críche clárúcháin agus fostaíochta. Cuireadh 36,977 iarratas ar an iomlán ar ghrinnfhiosrú i gcrích i rith na bliana tuairiscithe. Is méadú de 333% é sé don tréimhse chéanna in 2015/2016 agus 133% in 2016/2017.

I mí Eanáir 2017, chuir an Chomhairle tús le grinnfhiosrúchán cúlghabhálach de 32,000 múinteoir cláraithe nach ndearnadh an Chomhairle grinnfhiosrúchán orthu roimhe seo. Bhí na hiarratais do mhúinteoirí ar an bpróiseas a chur i gcrích sceidealaithe i rith na bliana i gcomhréir le dátaí athnuachana ar chlárúchán agus den chuid is mó ba é an dáta ná an 28 Márta 2018. Ar an dáta seo chuir 99.7% de na múinteoirí cláraithe an próiseas grinnfhiosrúcháin i gcrích. Bhí an 0.3% a bhí fágtha ag fanacht ar thoradh an iarratais ar ghrinnfhiosrúchán, i mbun próiseas athbheithnithe inmheánacha nó sceidealaithe le bheith bainte den Chlár.

Is gá don Chomhairle measúnú a dhéanamh ar nochtadh grinnfhiosrúcháin, a bhaineann le próisis chlárúcháin, le haghaidh oiriúnacht an duine mar ‘duine cuí oiriúnach’ chun críche clárúcháin. Tháinig Painéal Fianaise ar Charachtar na Comhairle le chéile 11 uair agus rinne siad 51 nochtadh grinnfhiosrúcháin a mheas i dtaca le hiarratasóirí ar chlárú agus ar chlárú athnuachan. Cuireadh 207 cás breise faoi bhráid an phainéil lena ndaingniú i rith na bliana. Tharla an méadú seo mar gheall ar an líon méadaithe a rinneadh a phróiseáil mar chuid den phróiseas grinnfhiosrúcháin cúlghabhálaigh.



Feabhas a chur ar chaighdeán a bhaineann le hiompar agus cleachtadh gairmiúil

Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta atá freagrach as cáilíocht na múinteoireachta in Éirinn a chothabháil agus a fheabhsú trí chaighdeán arda i ngairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a chinntiú. Dhá bhealach chun é seo a bhaint amach is ea trí Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí a fhoilsiú agus a chur chun cinn agus trí ghearáin a imscrúdú.

Leagtar amach sa 2ú Eagrán den [Chód Iompair Ghairmiúil](#) (nuashonraithe in 2016) na caighdeán a bhaineann le heolas gairmiúil, oilteacht, inniúlacht agus iompar a mbítear ag súil leo ó mhúinteoirí cláraithe. Is ráiteas é an Cód faoinar chóir a bheith i gceist leis an dea-theagasc agus an chuma ba chóir a bheith air. Is doiciméad reachtúil é agus úsáidtear mar phointe tagartha é nuair a bhíonn fiosrúcháin á ndéanamh i ndáil le Feidhmiúlacht chun Múineadh.

Tugadh isteach feidhmeanna i ndáil le [Feidhmiúlacht chun Múineadh](#) na Comhairle Múinteoireachta (Cuid 5 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001-2015) i mí Iúil 2016. Is féidir leis an gComhairle anois gearáin a dhéantar i gcoinne múinteoirí cláraithe a imscrúdú. A luaithe agus a dhéantar gearán, cuirfidh an Chomhairle tús le himscrúdú agus déanfar cinneadh ar chóir déileáil leis trí nósanna imeachta araíonachta foirmiúla na Comhairle.

Féadfaidh an Chomhairle, tar éis éisteachta araíonachta, cinneadh a dhéanamh comhairle, rabhadh nó cáineadh a thabhairt don mhúinteoir i scríbhinn, coinníollacha a leagan ar chlárú an mhúinteora, nó an múinteoir a chur ar fionraí nó a bhaint den Chlár Múinteoirí. Áit a gcuirtear múinteoir ar fionraí nó má bhaintear é/í den chlár, níl sé/sí i dteideal a bheith íoctha le tuarastal atá maoinithe ag an Stát

Molann an Chomhairle gur chóir gearáin a chur faoi bhráid scoil an mhúinteora sula gcuirtear iad faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta. Ach, áit a bhfuil leanbh nó duine soghonta i mbaol, ba chóir é seo a chur faoi bhráid an Gharda Síochána agus Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Le cur i bhfeidhm na nósanna imeachta faoi Alt 28 den Acht Oideachais dhéanfaí soláthar do nós imeachta gearán ar bhonn foirmiúil ag leibhéal na scoile, le gur féidir déileáil le casaoidí nó gearáin gan dul i mbun na nósanna imeachta Feidhmiúlacht chun Múineadh.

Fiosrúcháin maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh/Coiste Araíonachta

Cuireadh tús le Feidhmiúlacht chun Múineadh ar an 25 Iúil 2016 agus ón dáta sin ar aghaidh, is féidir leis an gComhairle Mhúinteoireachta gearáin a bhaineann le múinteoirí cláraithe a fháil agus a imscrúdú agus mar thoradh air sin d'fhéadfadh fiosrúchán bheith déanta ar fheidhmiúlacht múinteora chun múineadh. Is é painéal den Choiste Araíonachta a dhéanann an fiosrúchán.

Is féidir leis an gCoiste Imscrúdaithe den Chomhairle gearán a chur ar aghaidh go dtí an Coiste Araíonachta le haghaidh fiosrúcháin. I mbeagnach gach cás, beidh éisteacht ó bhéal i gceist leis an bhfiosrúchán os comhair painéil den Choiste Araíonachta. Tá sé cosúil le héisteacht os comhair cúirte nó binse fiosrúcháin. Tugann na finnéithe fianaise faoi mhionn.

Ach, d'fhéadfadh an painéal, ar iarratas ón múinteoir, nó gan chead an mhúinteora, atá mar ábhar an ghearáin, cinneadh a dhéanamh fiosrúchán a réachtáil trí doiciméid agus aighneachtaí i scríbhinn a scrúdú, seachas fiosrúchán a réachtáil mar éisteacht ó bhéal.

I mbeagnach gach cás, beidh éisteacht ó bhéal ar siúl, go háirithe sa chás go bhfuil easaontas maidir le fíricí nó go bhfuil siad faoi chaibidil. Má bhíonn fiosrúchán ar siúl go poiblí, tugtar cuireadh do na meáin freastal air. D'fhéadfadh an Painéal fiosrúcháin cinneadh a dhéanamh freisin fiosrúchán iomlán nó cuid d'fhiosrúchán a réachtáil go príobháideach. Nó, d'fhéadfadh an Painéal cinneadh a dhéanamh aitheantas na ndaoine agus na n-áiteanna a bhaineann leis an bhfiosrúchán a cheilt má bhíonn fiosrúchán ar siúl go poiblí.

Sa bhliain tuairiscithe 2017/2018 bhí dhá fhiosrúchán ar siúl ina raibh 3 lá fiosrúcháin i gceist. Bhí an dá fhiosrúchán ar siúl go poiblí agus coinníodh sonraí na múinteoirí, na bhfinnéithe agus na scoileanna faoi cheilt.

Imscrúdú ar Ghearáin maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh – Coiste Imscrúdaithe

Gearáin

Fuair an Chomhairle 50 gearán maidir le múinteoirí cláraithe idir an 28 Márta 2017 agus an 27 Márta 2018.

Bhain daichead a hocht gearán le múinteoirí aonair, bhain gearán amháin le beirt mhúinteoirí agus bhain gearán amháin le triúr múinteoirí.

Diúltaíodh dhá ghearán ag céim Athbhreithnithe an Stiúrthóra mar níor chomhlíon siad riachtanais na nAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001-2015 i.e. ní raibh siad sínithe ná ní raibh na doiciméid agus an t-eolas iomchuí in éineacht leo.

Cúiseanna gearán

Is féidir leis an gComhairle breathnú ar ghearáin ar chúiseanna éagsúla mar atá leagtha amach i gCuid 5 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, lena n-áirítear iad seo a leanas::

- mí-iompar gairmiúil
- drochfheidhmíocht ghairmiúil
- ag tabhairt faoi iompar atá in aghaidh an Chóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí
- gan a bheith ábalta teagasc a dhéanamh ó thaobh sláinte de
- ciontú cúirte de bharr cionta áirithe
- gan foráil a chomhlíonadh nó foráil a shárú de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001-2015, den Acht Oideachais, 1998, den Acht (Leas) Oideachais, 2000, den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, agus aon rialacháin, rialacha nó orduithe faoi na hAchtanna sin
- gan tasc a chomhlíonadh nó gan gníomh a dhéanamh atá sonraithe i dtoilíú a tugadh do phainéal Choiste Araíonachta na Comhairle ag fiosrúchán agus
- clárú contráilte mar gheall ar dhearbhú bréagach nó calaoiseach nó mífhaisnéis.

Cinntí an Choiste Imscrúdaithe

Is coiste scagtha é an Coiste Imscrúdaithe a dhéanann gearáin a fuair an Chomhairle Mhúinteoireachta maidir le múinteoirí cláraithe a mheas agus a imscrúdú. Ní mór don Choiste seo cinneadh a dhéanamh an gá gníomhú nó ar chóir an gearán iomlán nó cuid den ghearán a chur ar aghaidh go dtí an Coiste Araíonachta le haghaidh fiosrúcháin.

- Chinn an Coiste Imscrúdaithe nach bhféadfaidís 14 ghearán a mheas. Diúltaíodh na gearáin seo mar nár chomhlíon siad riachtanais na nAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta i.e. tharla an t-iompar roimh an 15 Iúil 2016 agus ní raibh an t-údarás ag an gCoiste Imscrúdaithe a leithéid a mheas, níor bhain siad le feidhmiúlacht an mhúinteora chláraithe chun múineadh ná níor cuireadh nósanna imeachta scoilbhunaithe i gcrích sular ardaíodh an t-ábhar leis an gCoiste Imscrúdaithe;
- Tar éis cinneadh a dhéanamh imscrúdú a dhéanamh, dhiúltaigh an Coiste 6 ghearán a chur ar aghaidh go dtí an Coiste Araíonachta.
- Bhreathnaigh an Coiste Imscrúdaithe ar ghearán amháin a tharraingt siar agus chinn sé nár chóir an ghníomhú breise a dhéanamh maidir leis an ábhar nó le hábhar an ghearáin.
- Bhí 27 cinn den 50 gearán fós á meas ag an gCoiste Imscrúdaithe amhail ar an 27 Márta 2018.
- Baineann 17 cinn den 50 gearán le hiompar a tharla sular cuireadh tús le Cuid 5.

Foinse gearán

Complaint Group	Amount
Tuismitheoirí	38
An Chomhairle Mhúinteoireachta tríd an gCoiste Feidhmiúcháin, agus tháinig an gearán faoi bhráid na Comhairle trí na meáin nó ar bhealach eile	6
Páirtithe eile	5
Údaráis Bainistíochta Scoile	1
IOMLÁN	50

Earnáil

As an 50 gearán a fuarthas sa bhliain tuairiscithe, bhain 22 gearán le múinteoirí san earnáil iarbhunscoile agus bhain 28 gearán le múinteoirí san earnáil bhunscoile.

Léirítear mar seo a leanas na catagóirí gearán a taifeadadh agus líon na ngearán a fuarthas i ngach catagóir i rith na bliana tuairiscithe:

Complaint Type	Amount
Iompar*	34
Cumas/Feidhmíocht/ Cleachtadh	8
Ábhair Imní ó thaobh Sláinte	2
Ciontuithe Coiriúla	2
Mí-ionracas/Ionracas Gairmiúil	6
Teip múinteora tuairisciú a dhéanamh/ a chur in iúl	7
Sárú Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí	1
Sárú na nAchtanna Sonraithe mar atá liostaithe ag Alt 42(1)(a) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú) 2015	0

Tabhair faoi deara: Is féidir le níos mó ná catagóirí gearáin amháin a bheith ceangailte le haon ghearán ar leith. Dá bhrí sin, ní gá gurb ionann líon iomlán an 50 gearán a fuarthas i rith na bliana tuairiscithe agus líon na gcúiseanna gearán sa tábla thuas.

* Cuimsíonn gearáin a bhain le hIompar mí-úsáid fhisiceach/ionsaí fhisiceach, ionsaí ó bhéal, teagmháil ghnéasach/chollaí le scoláire, caidreamh pearsanta míchuí le scoláire (nach mbaineann le caidreamh gnéasach), cumarsáid mhíchuí (a bhaineann nó nach mbaineann le cumarsáid ghnéasach), bulaíocht, iompar leatroma agus úsáid na meán sóisialta atá míchuí.

Coiste Feidhmiúcháin

Is coiste reachtúil den Chomhairle é an Coiste Feidhmiúcháin a chuireann feidhmeanna i gcrích atá bronnta air ag na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, agus clúdaíonn sé seo ábhair a bhféadfadh an Chomhairle dáileadh air. Rinne an Chomhairle a feidhmeanna a dháileadh faoi alt 47 agus faoi alt 42(1) den Acht ar an gCoiste Feidhmiúcháin, de bhun alt 26(i) de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta.

In Alt 47 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta déantar foráil gur féidir leis an gComhairle, má bhíonn sí sásta gurb ar mhaithe le leas an phobail, iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar Ordú le clárú de mhúinteoir cláraithe a chur ar fionraí ar feadh tréimhse sonraithe. Rinne an Coiste Feidhmiúcháin ceithre iarratas d'alt 47 den sórt sin a mheas sa bhliain tuairiscithe. As na ceithre iarratas, rinne an Chomhairle iarratas chuig an Ard-Chúirt ar Ordú amháin d'alt 47 agus comhaontaíodh cúraimí in áit alt 47 d'Ordú Ard-Chúirte a bheith bronnta.

In alt 42(1) den Acht déantar foráil go bhféadfadh an Chomhairle gearán a dhéanamh leis an gCoiste Imscrúdaithe. As na sé cinn den 50 gearán a fuarthas, chinn an Coiste Feidhmiúcháin (tar éis an fheidhm a bheith dáilte ag an gComhairle air), gur chóir don Chomhairle a bheith mar an Gearánach i dtaca leis na sé ghearán sin. D'fhéadfadh sé seo teacht chun cinn nuair a dhírítear an Chomhairle ar mhúinteoir cláraithe trí na meáin chumarsáide nó nuair a chuireann ball den phobal nó Bord Bainistíochta in iúl don Chomhairle maidir le hábhar imní a bhaineann le múinteoir cláraithe.

Oiliúint maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh

Cuirtear oiliúint leanúnach ar fáil do bhaill an Choiste Imscrúdaithe, an Choiste Araíonachta agus an Choiste Feidhmiúcháin i dtaca le feidhmiúlacht chun múineadh agus maidir leis an nósanna imeachta a thacaíonn le feidhmiú Chuid 5 (Feidhmiúlacht chun Múineadh) de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta..

Rannpháirtíocht na bPáirtithe Leasmhara maidir le cúrsaí a bhaineann le Feidhmiúlacht chun Múineadh

Bíonn an Chomhairle rannpháirteach go gníomhach leis na páirtithe leasmhara go rialta.

Sa bhliain tuairiscithe, bhí cruinnithe déthaobhacha maidir le cúrsaí feidhmiúlachta chun múineadh idir na baill foirne de na Caighdeáin Ghairmiúla a thugann tacaíocht d'fheidhmeanna maidir le feidhmiúlacht chun múineadh na Comhairle agus na bpríomhpháirtithe leasmhara.

Lean an Chomhairle ag tabhairt tacaíochta do na páirtithe leasmhara ó thaobh cruinnithe faisnéise agus seisiúin eolais a chur ar fáil i gcomhthéacs na feidhmiúlachta chun múineadh.

Bhí pleananna ar siúl cheana féin ag deireadh na bliana tuairiscithe le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara níos leithe a thabhairt le chéile chun tabhairt faoin méid atá foghlamtha ag an gComhairle faoi na gearáin agus na fiosruithe go dtí seo.

Oideachas Tosaigh Múinteoirí & Ionduchtú

Tá cur chun cinn na n-ardchaighdeán ar fud an leanúntas oideachas múinteoirí lárnach d'obair na Comhairle Múinteoireachta. Tosaíonn feidhmeanna na Comhairle sa réimse seo nuair a théann múinteoir isteach chuig oideachas tosaigh múinteoirí, agus leanann siad ar aghaidh ar feadh shaol gairme an mhúinteora.

Athbhreithniú agus Creidiúnú ar na Cláir OTM

Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta athbhreithniú agus creidiúnú ar chlár oideachas tosaigh múinteoirí lena chinntiú go bhfuil siad oiriúnach le múinteoirí faoi oiliúint a ullmhú le dul isteach sa ghairm.

Mar chuid den athbhreithniú agus creidiúnú ar chlár OTM, bhí ar cheithre Institiúid Ardoideachais (HEIanna) a chuireann chlár iarchéime d'oideachas tosaigh múinteoirí ar fáil tuarascálacha ar an dul chun cinn inar leagadh amach na céimeanna a glacadh le linn an timhrialla dheiridh den chreidiúnú. Rinne an painéal um thuarascálacha ar dhul chun cinn athbhreithniú ar na haighneachtaí i mí Feabhra, agus cuireadh tuairimí an phainéil faoi bhráid Choiste Oideachais na Comhairle a rinne iad a nótáil i mí na Bealtaine 2018.

Bhí ar HEI amháin tuarascáil ar dhul chun cinn a chur isteach i dtaca le dhá cheann dá gclár Oideachas Tosaigh Múinteoirí. Ceapadh painéal seachtrach chun athbhreithniú a dhéanamh ar na tuarascálacha agus moltaí a dhéanamh faoin stádas creidiúnaithe amach anseo de na cláir sin. Rinne an painéal um thuarascálacha ar dhul chun cinn athbhreithniú ar na haighneachtaí i mí Feabhra, agus cuireadh tuairimí an phainéil faoi bhráid Choiste Oideachais na Comhairle a rinne iad a nótáil i mí na Bealtaine 2018.

Chuir HEI amháin iarratas isteach le go ndéanfadh an Chomhairle Mhúinteoireachta athbhreithniú agus creidiúnú ar chlár atá creidiúnaithe faoi láthair. Bhí an t-athrú sa chás seo ann de bharr próifíl teanga an chlár agus measadh nach athrú ábhair a bhí ann.

Rinneadh athbhreithniú ar na haighneachtaí agus bronnadh an creidiúnú.

Chuir an Chomhairle Mhúinteoireachta Céim 2 den Chleacht Comhairliúcháin um Thionchar chun a fháil amach cén tionchar a bhí ag na cláir athchoincheaptha d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí ar an teagasc agus foghlaim sa seomra ranga. Scaipeadh suirbhé ar líne ar na páirtithe leasmhara uile i mí na Nollag. Rinne comhairleoir taighde neamhspleách anailís ar na sonraí agus scríobhadh tuarascáil bunaithe ar na tátail. Eagraíodh seisiún chomhairliúcháin agus tá sé beartaithe go mbeidh siad ar siúl ag tús na chéad bhliana acadúla eile.

Socrúchán Scoile

Is é an aidhm atá ag [Treoirlínte maidir le Socrúchán Scoile](#) de chuid na Comhairle Múinteoireachta ná comhoibriú idir soláthraithe clár oideachas tosaigh múinteoirí agus scoileanna a chur chun cinn. I rith na bliana, bhí an Chomhairle i dteagmháil go leanúnach leis na soláthraithe cláir agus an tÚdarás um Ard-Oideachas d'fhonn struchtúir agus córais a fhorbairt a dhéanfadh comhoibriú náisiúnta níos fearr a éascú i measc soláthraithe, agus idir na soláthraithe agus scoileanna.

Measúnú ar cháilíochtaí

In I gcomhréir le Treoir 2005/36/CE an AE maidir le comhaitheantas cáilíochtaí (mar atá leasaithe), is é an Chomhairle Mhúinteoireachta an t-údarás inniúil in Éirinn le measúnú a dhéanamh ar iarratais ar chlárú ó dhaoine atá aitheanta mar mhúinteoirí agus i dtíortha AE/LEE eile. Ní mór d'iarratasóirí na critéir a chomhlíonadh mar atá leagtha amach i Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta [Clárú].

Déantar measúnú freisin ar gach iarratas ar chlárú a fuarthas ó mhúinteoirí a cháiligh lasmuigh den AE/LEE ar bhonn aonair. I rith na bliana, fuair an Chomhairle 523 iarratas ar mheasúnú ar cháilíochtaí.

Cuireadh tús le próiseas comhairliúcháin chun critéir ábhair a ullmhú d’ábhair Churaclaim Pholaitíocht agus Sochaí agus Eolaíocht Ríomhaire na hArdteistiméireachta. Cuireadh tús le tionscadal freisin chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tsraith atá ann faoi láthair de na critéir ábhair agus chun an próiseas um Measúnú ar Cháilíochtaí a dhéanamh níos éifeachtaí d’iarratasóirí. Agus é seo á scríobh tá an dá thionscadal fós ag leanúint ar aghaidh.

Ionduchtú

Cuireadh an chéad bhliain den chéim fáis de Droichead, creat ionduchtúcháin comhtháite na Comhairle do mhúinteoirí nuacháilithe, i bhfeidhm i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna sa bhliain acadúil 2017/2018. Ba é Droichead an t-aon bhealach ionduchtúcháin i dtreo cláraithe iomláin do MNCanna atá ag obair in iarbhunscoileanna ina raibh 700+ scoláire, suíomh RSO agus bunscoileanna ina bhfuil 24 múinteoir príomhshrutha nó níos mó.

Bunscoil	Iomlán
Líon na Scoileanna	3,258
Líon na Scoileanna atá Cláraithe do Droichead	704
Líon na Scoileanna a chuireann Droichead ar fáil	560
Líon na Scoileanna atá Oilte (Oilte go pointe áirithe)	560
Líon na Scoileanna atá le bheith oilte (cláraithe)	135
Líon na Scoileanna atá le bheith oilte (nach bhfuil cláraithe)	2,553

Iarbhunscoil	Iomlán
Líon na Scoileanna	714
Líon na Scoileanna atá Cláraithe do Droichead	403
Líon na Scoileanna a chuireann Droichead ar fáil	356
Líon na Scoileanna atá Oilte (Oilte go pointe áirithe)	5
Líon na Scoileanna atá le bheith oilte (cláraithe)	42
Líon na Scoileanna atá le bheith oilte (nach bhfuil cláraithe)	311

Eisíodh trí fhógra go dtí seo chuig na scoileanna uile don scoilbhliain 2018/2019 ag cur in iúl dóibh faoin gcéad chéim eile i bhfás Droichead do MNCanna.

Próiseas um Dhearbhú Cáilíochta Droichead do 2016/2017

Bailíodh sonraí ó 24 scoil san earnáil bhunscoile agus san earnáil iarbhunscoile. Thug painéal DQA cuairt ar gach scoil agus réachtáladh sraith agallamh le linn na gcúairteanna. Dhréachtaigh baill foirne den Chomhairle tuarascáil a bhí comhaontaithe agus curtha i gcrích ag an bpainéal. Cuireadh tuarascáil an DQA faoi bhráid an Choiste Oideachais i mí na Bealtaine 2018..

Sparánacht Chomhfhoghlama Droichead

Ó mhí Eanáir 2018, fuair 131 scoile (55 líonra) maoiniú go dtí seo. As na scoileanna seo ba scoileanna Droichead iad 103 nuair a chuir siad iarratas isteach agus ní raibh 28 díobh mar scoileanna Droichead (ó shin tá 4 díobh ina scoileanna Droichead).

Foghlaim agus Taighde Múinteoirí

Foghlaim Múinteoirí

Cosán

Is é Cosán an chreatlach náisiúnta um fhoghlaim múinteoirí. Aithníonn Cosán go bhfuil múinteoirí tiomanta cheana féin dá gcuid foghlama gairmiúla. Aithníonn sé na bealaí éagsúla ina mbíonn múinteoirí ag foghlaim go leanúnach. Dá bhrí sin, cuireann sé creatlach shoiléir agus inrochtana ar fáil le haitheantas a thabhairt don fhoghlaim ghairmiúil leanúnach, i gcomhthéacs stádas na múinteoirí mar ghairmithe cláraithe. Cuirtear comhthéacs soiléir ar fáil ann freisin le go dtarlóidh comhráite nua maidir le teagasc agus foghlaim, idir múinteoirí, tuismitheoirí, scoláirí agus na páirtithe leasmhara uile.

I rith na bliana, fuarthas aighneachtaí ó níos mó ná 600 léiriú spéise ó dhaoine aonair, grúpaí múinteoirí agus scoileanna, le bheith rannpháirteach i bpróiseas forbartha Cosán. Cuireadh físeán agus leabhrán ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle chun tacú leis an rannpháirtíocht sa phróiseas.

Bhí sraith de 11 Cheardlann um Próiseas Forbartha Cosán ar siúl idir mí na Samhna 2017 agus mí Feabhra 2018. Thug na ceardlanna seo deis dóibh siúd a chuir Suirbhé Cosán i gcrích ar shuíomh gréasáin na Comhairle, chun plé agus pleanáil a dhéanamh faoina rannpháirtíocht i bPróiseas Forbartha Cosán le chéile agus le baill foirne na Comhairle Múinteoireachta. Bhí na ceardlanna ar siúl in áiteanna éagsúla (Baile Átha Cliath, Corcaigh, Baile Átha Luain, Luimneach, Sligeach, Dún na nGall, Gaillimh, an Uaimh agus Cill Chainnigh) agus chláraigh níos mó ná 200 duine le freastal orthu. Chomh maith leis sin, i rith na bliana tuairiscithe, d'éascaigh an Chomhairle líon ceardlann/cruinnithe scoilbhunaithe. Bhí na ceardlanna seo ann do gach earnáil, i.e., suíomhanna bunscoile, iarbhunscoile, breisoideachais agus oideachais speisialta. Bhuail an Chomhairle le líon comhlachtaí páirtithe leasmhara freisin i rith na bliana tuairiscithe, chun iad a thabhairt suas chun dáta maidir leis an dul chun cinn ar Phróiseas Forbartha Cosán, lena n-áirítear ceardchumainn na múinteoirí, an tSraith

Shóisearach do Mhúinteoirí (JCT), an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST), Rannóg Oideachais Múinteoirí (TES) den Roinn Oideachais agus Scileanna, agus Bord Oideachais agus Oilíúna na hÉireann (BOOÉ). Ag deireadh na bliana tuairiscithe, bhí tuilleadh cruinnithe le páirtithe leasmhara eile ag an gcéim pleanála.

Tháinig Grúpa Oibre Cosán, a dhéanann an próiseas forbartha a chomhordú, le chéile sé huaire sa bhliain tuairiscithe.

TAIGHDE

Seimineáir ghréasáin – deiseanna do scoileanna le tacú le foghlaim ghairmiúil

I gcomhréir le Creatlach na Comhairle um Foghlaim Múinteoirí – Cosán, aithnítear go bhfuil an rannpháirtíocht i seimineáir ghréasáin taighde in deis foghlama gairmiúla luachmhar. Sa chomhthéacs sin, spreagtar scoileanna breathnú ar fhéachaint ar thaifeadadh de sheimineáir gréasáin mar phobal foghlama gairmiúla scoilbhunaithe, nó mar ghrúpa scoileanna.

Bhí naoi seimineáir gréasáin ar siúl i rith na bliana tuairiscithe mar chuid de shraith taighde CROÍ (Comhoibriú agus Taighde don Nuálaíocht Leanúnach) na Comhairle. Ar an gcaoi chéanna le gach seimineáir gréasáin, tá na taifeadtaí ar fáil ar na leathanaigh taighde de shuíomh gréasáin na Comhairle.

Creatlach Tacaíochta Taighde John Coolahan

Ba chúis mhór bróin dúinn é nuair a chualamar go bhfuair an tOllamh John Coolahan bás mí an Mheithimh seo caite. Ba phearsa ríthábhachtach é i bpolasaithe oideachais na hÉireann ar feadh níos mó ná 50 bliain. Ba dhuine acadúil é chomh maith le taighdeoir, údar, múinteoir bunscoile agus iarbhunscoile agus comhairleoir do rialtais éagsúla le polasaithe oideachais a dhréachtú. Ar go leor bealaí, d'fhéadfaí cur síos a dhéanamh air mar athair oideachas na hÉireann. Beidh a chuid oibre, a shaol agus an fuinneamh a bhí aige mar inspioráid dóibh siúd ar fad ar cuma leo faoi chúrsaí teagaisc, foghlama agus taighde. In onóir don ionchur ollmhór a bhí ag an

Ollamh Coolahan i réimse an oideachais sa bhaile agus thar lear, d'fhógair Cathaoirleach na Comhairle i mí Eanáir 2018 go ndéanfaí Creatlach Tacaíochta Taighde na Comhairle a athainmniú i ndiaidh an Ollaimh Coolahan. Ba onóir mhór dúinn é gur fhreastail sé ar an ócáid bhronnta cistí.

Don chreatlach seo, fuarthas 100 iarratas agus ceapadh painéal athbhreithnithe chun iad a mheas. Roghnaigh an painéal athbhreithnithe 33 tionscadal ina raibh 68 taighdeoir i gceist.

Lorgáíodh iarratais don dara babhta de Chreatlach Tacaíochta Taighde John Coolahan i mí an Mhárta 2018.

Ríomhírisí Taighde

Mar chuid de shraith taighde CROÍ na Comhairle, cuireadh seacht ríomhíris ar fáil i rith na bliana tuairiscithe. Ba ríomhphoist de réir téamaí iad ceithre cinn díobh seo a chlúdaigh:

- o taighde in oideachas tosaigh múinteoirí;
- o cultúir den chomhghairmiúlacht a fhorbairt;
- o aistrithe i gcúrsaí oideachais; agus
- o folláine.

Dhírigh dhá cheann eile i mí Eanáir agus i mí an Mhárta 2018 ar sheimineáir ghréasáin atá ag teacht chun cinn, agus ba eagrán speisialta é an seachtú ceann chun Creatlach Tacaíochta Taighde John Coolahan a chur chun cinn.

Sparánachtaí

Chomh maith leis sin, i rith na bliana tuairiscithe, bronnadh an sciar deiridh den mhaoiniú ar thaighdeoir amháin, a bhí dlite faoin scéim sparánachta taighde a bhí i bhfeidhm roinnt mhaith blianta ó shin. Ag deireadh na bliana tuairiscithe, bhí dhá aighneacht bhreise faoi na scéimeanna sin i mbun próiseas um dearbhú cáilíochta na Comhairle, roimh an sciar deiridh dá maoiniú a íoc.

Malartú Saineolais Taighde (REX)

Ag an gcruinniú a bhí aige ar an 19 Feabhra 2018, cheadaigh Coiste Feidhmiúcháin na Comhairle maoiniú don ardán um Malartú Saineolais Taighde (REX) ar líne thar tréimhse dhá bhliain, i gcomhar le comhpháirtithe Taighde Beo! Na Comhairle (an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, agus an Lárionad um Sheirbhísí Éifeachtacha). An aidhm atá ag REX ná infreastruchtúr náisiúnta a chur ar fáil don chomhoibriú sa taighde

oideachasúil, aitheantas a thabhairt don taighde atá á dhéanamh ag múinteoirí cheana féin chun béim a leagan ar an bhféidearthacht atá ann go bhféadfadh taighde múinteoirí athrú ó bhonn. Tá na haidhmeanna seo i gcomhréir le cuspóirí taighde na Comhairle mar atá leagtha amach ina straitéis taighde.

Taighde Coimisiúnaithe

Bhí dearbhú cáilíochta leanúnach á dhéanamh ar thaighde coimisiúnaithe maidir le socrúchán scoile.

Rinneadh forbairt ar achoimre ar thaighde le haghaidh taighde maidir le taithí múinteoirí agus scoileanna ó thaobh Droichead agus, ag deireadh na bliana tuairiscithe, bhí doiciméad chuireadh chun Tairisceana á chur i gcrích le bheith foilsithe ar E-tenders.ie.

Cuireadh ócáid comhchainteanna maidir le taighde fadaimseartha pleanáilte, a bhí le bheith ar siúl le linn na bliana tuairiscithe, ar athlá de bharr Stoirm Emma agus, ag deireadh na bliana tuairiscithe, rinneadh ócáid athsceidealaithe a phleanáil.

Grúpa Rannpháirtíochta Taighde (GRT)

Tá an Grúpa Rannpháirtíochta Taighde (GRT) déanta suas de mhúinteoirí cláraithe agus de dhaoine eile a bhfuil taithí agus spéis acu i gcúrsaí taighde sna réimsí teagaisc, foghlama agus/nó measúnaithe. Tá an grúpa ionadaíoch do raon leathan de chomhthéacsanna teagaisc, agus leasanna taighde, agus déanann sé gach iarracht:

- o Chun tacú le hobair na Comhairle sa réimse taighde, lena n-áirítear an fháil chriticiúil a bhíonn ag múinteoirí ar chúrsaí taighde a éascú
- o Chun an rannpháirtíocht a bhíonn ag múinteoirí i gcúrsaí taighde agus le cúrsaí taighde a chur chun cinn
- o Chun an rannpháirtíocht idir múinteoirí agus daoine eile atá i mbun taighde a chur chun cinn, lena n-áirítear taighdeoirí HEI-bhunaithe.

Tháinig an Grúpa Rannpháirtíochta Taighde (GRT) le chéile ceithre huair le linn na bliana tuairiscithe. I rith na bliana, bhí baill den Ghrúpa rannpháirteach mar phainéalaithe ar sheimineáir ghréasáin na Comhairle Múinteoireachta, agus thug siad achoimre ar ailt a bhí le cur san áireamh ina ríomhírisí taighde. Chuidigh sé seo freisin le dul i bhfeidhm ar an gclár de sheimineáir ghréasáin atá pleanáilte do 2019..



An mhúinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn

Soláthar Múinteoirí

I mí an Mheithimh 2017, foilsíodh an tuarascáil deiridh den Ghrúpa Oibre Theicniúil maidir le soláthar múinteoirí, [Striking the Balance](#).

Tar éis an tuarascáil seo a fhoilsiú, bhuaile an Chomhairle Mhúinteoireachta leis na soláthraithe HEI uile d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí agus le forais bhainistíochta scoileanna i mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2017. Mar thoradh ar na cruinnithe seo, thionóil an Chomhairle fóram náisiúnta comhairleach de na páirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear Institiúidí Ardoideachais, bainistíocht scoileanna agus ceardchumann na múinteoirí, chun plé a dhéanamh faoi na céimeanna praiticiúla a d'fhéadfaí a ghlacadh chun tabhairt faoi roinnt de na saincheistean ar a laghad atá i ndán do scoileanna. Bhí an chéad chruinniú den fhóram ar siúl ar an 5 Deireadh Fómhair 2017 agus bhí an dara ceann ar siúl ar an 7 Feabhra 2018.

Tá ionadaíocht ag an gComhairle ar an nGrúpa Stiúrtha um Sholáthar Múinteoirí a bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna agus ar a Grúpa Forfheidhmithe, agus ar thrí de na ceithre ghrúpa oibre atá bunaithe. Tá Stiúrthóir na Comhairle mar chathaoirleach ar an nGrúpa Oibre Cumarsáide freisin.

An ghairm a chur chun cinn

Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta cumarsáid le páirtithe leasmhara chun na ról atá aici agus na freagrachtaí atá uirthi a mhíniú, chun cur le tuiscint na bpáirtithe leasmhara ar chuspóir a cuid oibre, agus chun spreagadh a thabhairt dóibh tacú lena cuid iarrachtaí gairm na múinteoireachta a rialáil agus a chur chun cinn ar mhaithe le leas an phobail:

I rith na bliana, rinne an Chomhairle na nithe seo a leanas:

- reáchtáil sí an cúigiú ócáid bhliantúil de chuid FÉILTE ar an Satharn, an 7 Deireadh Fómhair, 2017
- d'eisigh sí 29 ríomhíris, 2 ríomhíris fhíse san áireamh, le meánráta oscailte de 77%
- bhí níos mó ná dhá mhiliún go leith amharc leathanaigh aici ar a suíomh gréasáin ó níos mó ná 430,000 úsáideoir, agus bhí 75% díobh seo ó chuairoteoirí nua
- mhéadaigh sí a leanúnaithe Twitter faoi os cionn 5,000 go dtí 22,700 ar an iomlán
- fuair sí níos mó ná 5,000 'is maith liom' ar a leathanach Facebook
- lainseáladh cuntais nua Instagram agus Snapchat de chuid na Comhairle Múinteoireachta
- d'fhreastail sí ar líon comhdhálacha, seimineár agus cruinnithe oideachais e.g. Comhdháil Taighde an NCSE, Seimineár Taighde Cleachtóra (NUIG), Seimineár ar Ríomhphortfóilíónna (MIE), Siompóisiam ar an bhFoghlaim Ghairmiúil (DCU), Siompóisiam Ceannaireachta Dáilte (MIC, Durlas), Seimineár an CNCM ar an gCuraclam Bunscoile, Comhdháil Taighde Choláiste Hibernia, Cumann Léann Oideachais na hÉireann – Comhdháil Taighde (UCD) Comhdháil Seasta ar Oideachas Múinteoirí, Thuaidh Theas (SCoTENS).
- bhuaile sí le mic léinn oideachas múinteoirí sa bhliain deiridh in 16 institiúid ardoideachais.

Caidreamh leis na meáin

Mar chuid dá straitéis chun an ghairm a chur chun cinn agus chun tuiscint ar obair na Comhairle a mhéadú, déanann an Chomhairle teagmháil réamhghníomhach leis na meáin chumarsáide agus tugann sí freagra ar cheisteanna ó na meáin. I rith na bliana, eisíodh

preasráitis agus foilsíodh ailt a bhain le raon ábhar, lena n-áirítear FÉILTE, Próiseas Forbartha Cosán, cur i bhfeidhm pholasaí leasaithe Droichead, seimineáir ghréasáin na Comhairle Múinteoireachta, sparánachtaí a bronnadh faoi Chreatlach Tacaíochta Taighde John Coolahan, Feidhmiúlacht chun Múineadh agus Grinnfhiosrúchán freisin.

Mar chuid de straitéis na Comhairle Múinteoireachta le tógáil ar an gcaidreamh leis na meáin, d’eagraigh an Chomhairle Mhúinteoireachta seisiún eolais do na meáin maidir leis an bPróiseas Feidhmiúlachta chun Múineadh. Mar thoradh air seo tugadh deis le míniú iomlán a thabhairt ar an bpróiseas feidhmiúlachta chun múineadh agus aon cheisteanna a bhí ag iriseoirí a fhreagairt ionas go mbeidís in ann tuairisciú cruinn a dhéanamh ar an gcóras.

FÉILTE

Bhí [FÉILTE](#) 2017 ar siúl Dé Sathairn, an 7 Deireadh Fómhair, san RDS, Baile Átha Cliath. Bhí níos mó ná 1,000 múinteoir agus ball den phobal rannpháirteach ag an ócáid, idir bheith ag freastal ar an láthair agus ag breathnú uirthi ar líne. Is é téama na féile a bhí ann ná An Fhoghlaim a Chur Chun Cinn do Gach Duine. Luíonn sé seo leis an gcuispóir uileghabhálach a bhaineann le Féilte – An Teagasc a Chomhroinnt, a Fhoghlaim agus a Chónascadh. Léirigh caoga sárthaispeántas agus ceardlann, ina raibh raon leathan tionscadal ón earnáil oideachais uile, an nuálaíocht atá ag tarlú sa teagasc agus san fhoghlaim i scoileanna ar fud na tíre.

Ba é an t-áisitheoir a bhí ann an lá sin ná Keelin Shanley. Na cainteoirí a bhí ann an lá sin ná Adam Harris atá ina fhiontraí óg sóisialta, urlabhraí d’Uathachas agus bunaitheoir agus Príomhfheidhmeannach AslAm.ie, eagraíocht atá tiomanta do shochoaí atá níos báúla don Uathachas a chruthú in Éirinn agus Joanne O’Riordan atá ina mac léinn coireolaíochta in UCC agus atá mar fheachtasóir don mhíchumas.

Bhí dhá dhíospóireacht phlé i rith an lae a chlúdaigh Oideachas Uileghabhálach agus Obair Bhaile. Bhí Adam Harris agus Joanne O’Riordan rannpháirteach sa phainéal Oideachais Uileghabhálaigh. Ba é an tAire Oideachais agus Scileanna,

Richard Bruton TD a bhí mar an duine a thug an eochairóráid ag an ócáid, agus thug sé cuairt ar shárthaispeántais éagsúla.

Páipéir agus foilseacháin

Mar chuid den obair leanúnach le gairm na múinteoireachta a chur chun cinn, cuireann Stiúrthóir na Comhairle páipéir i láthair go minic maidir le saincheisteanna a bhaineann le hobair na Comhairle. I rith na bliana, bhí sé i dteagmháil le raon leathan de pháirtithe leasmhara, múinteoirí, tuismitheoirí agus leis an bpobal i gcoitinne, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Múinteoirí i mbun staidéir iarchéime
- Múinteoirí ag tabhairt faoi oiliúint FTG le haghaidh Droichead
- Eagraíochtaí ag cur na folláine ar an iomlán chun cinn, lena n-áirítear comhdhálacha a dhíríonn ar fholláine múinteoirí
- Imeachtaí a chuireann taighde chun cinn atá eagraithe ag múinteoirí agus do mhúinteoirí
- Seimineáir ghréasáin ar ábhair éagsúla ar féidir breathnú orthu [anseo](#)
- Comhlachtaí reachtúla
- Teagmháil le múinteoirí i scoileanna maidir le smaointe nuálacha atá á gcur i bhfeidhm acu
- Cuir i láthair do mhúinteoirí faoi oiliúint maidir le gairmiúlacht múinteoirí
- Líonraí gairmiúla d’oideachasóirí múinteoirí agus de mhúinteoirí
- Comhdháil náisiúnta do thuismitheoirí
- Ceardlanna do mhúinteoirí maidir le Cosán, an chreatlach náisiúnta um fhoghlaim múinteoirí
- Cruinnithe Choiste an Oireachtais.

I rith na bliana, cuireadh páipéir i láthair maidir le ‘Spás a dhéanamh don Duine sa Ghairm’ agus ‘Droichead’.

Tá siad seo agus páipéir eile le fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle agus scaiptear iad trí [Twitter](#) agus [ríomhírísí](#). Chuir an Chomhairle líon doiciméad ar fáil i rith na bliana, lena n-áirítear Plean

Straitéiseach 2018 – 2020, Lámhleabhar Clárúcháin 2017/2018; Na Nósanna Imeachta agus Critéir um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilfócha 2017/2018. Foilsíodh líon tuarascálacha freisin lena n-áirítear an tuarascáil um sholáthar múinteoirí ‘Striking the Balance’ agus tuarascáil ar an gComhairliúchán Montessori. .

San áireamh sna ráitis a rinne an Chomhairle i rith na bliana tuairiscithe bhí na cinn seo a leanas::

Month	Statement
Bealtaine 2017	2017 An Chomhairle Mhúinteoireachta le dul ar aghaidh le Polasaí Leasaithe Droichead a chur i bhfeidhm
Meitheamh 2017	Tuarascáil deiridh ar Sholáthar Múinteoirí in Éirinn (Striking the Balance)
Meitheamh 2017	Creatlach Tacaíochta Taighde Nua
Meán Fómhair 2017	Sraith Taighde Croí lainseáilte ag an gComhairle Mhúinteoireachta
Meán Fómhair 2017	Scríobhann Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta faoi sholáthar múinteoirí
Eanáir 2018	Bronnann an Chomhairle Mhúinteoireachta 33 sparánacht taighde ar fiú €100,000 ar mhúinteoirí
Feabhra 2018	Ráiteas ón gComhairle Mhúinteoireachta maidir le soláthar múinteoirí

Múinteoirí faoi oiliúint a chur ar an eolas faoin gComhairle Mhúinteoireachta

Thug baill foirne na Comhairle cuairt ar mhúinteoirí faoi oiliúint ina mbliain deiridh dá gcuid staidéir sa 16 institiúid ardoideachais i rith na bliana tuairiscithe. Ag gach cuairt mhínigh an Chomhairle conas a bhaineann a cuid oibre le gairm an mhúinteora agus an próiseas a bhaineann le clárú a dhéanamh. Cuireann an Chomhairle pacáiste MNC ar fáil freisin chun gach rud is gá a bheith ar eolas acu faoina gclárú gairmiúil leis an gComhairle Mhúinteoireachta a chur ar fáil.

Suíomh gréasáin

Bhí beagnach dhá mhiliún go leith amharc leathanaigh ag [suíomh gréasáin](#) na Comhairle ó níos mó ná 430,000 úsáideoir i rith na bliana tuairiscithe, agus bhí 75% díobh ó chuairoteoirí nua.

Gaeilge

Forálann an Chomhairle go sonrach do sheachadadh a cuid seirbhísí i nGaeilge, faoi threoir fhoráil Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Cuirtear foilseacháin agus ríomhírisí na Comhairle ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge de ghnáth. Maidir le gach comhfhreagras i nGaeilge a fuarthas i gcaitheamh na bliana, le ríomhphost, sa phost nó mar ghlaog gutháin, d’fhéach an Chomhairle chuige gur cainteoir Gaeilge a thug freagra air.

Forálann an Chomhairle go sonrach do sheachadadh a cuid seirbhísí i nGaeilge, faoi threoir fhoráil Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Cuirtear foilseacháin agus ríomhírisí na Comhairle ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge de ghnáth. Maidir le gach comhfhreagras i nGaeilge a fuarthas i gcaitheamh na bliana, le ríomhphost, sa phost nó mar ghlaog gutháin, d’fhéach an Chomhairle chuige gur cainteoir Gaeilge a thug freagra air.

Freedom of information

Tá an Chomhairle faoi réir fhoráil an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997, agus an Achta um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2014. Fuair an Chomhairle 6 iarratas ar Shaoráil Faisnéise (FOI) i rith na bliana.

Eagraíocht éifeachtúil agus éifeachtach a fhorbairt agus a chothabháil

An aidhm atá ag an gComhairle Mhúinteoireachta ná eagraíocht éifeachtúil agus éifeachtach a reáchtáil.

Airgeadas

Caiteachas na Comhairle i mbliain airgeadais 2017 ba ea €6.88m a bhí go mór i gcomhréir leis an mbliain roimhe. Bhí an laghdú i gcostais taighde agus speansais toghcháin curtha i gcoinne an méadú sna costais leis an rannóg Caighdeán Gairmiúla a reáchtáil. Táthar ag súil go méadóidh na costais sa réimse seo sna blianta amach romhainn agus níos mó cásanna á láimhseáil ag an gComhairle.

Ioncam na Comhairle (ús agus glanioncam cíosa lúide cáin san áireamh) ba ea €6.86 milliún, méadú €0.32 milliún thar 2016. Léiríonn an méadú fás i líon na múinteoirí ar an gClár.

De réir mar a chuireann fás na heagraíochta agus a feidhmeanna brú ar an mbonn costais, bhíothas ag díriú ar laghdú ar chostais agus luach ar airgead. Chuir cleachtais soláthair go mór le héifeachtúlachtaí agus baineadh leas as comhaontuithe creata a d'eagraigh an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) chomh fada agus ab fhéidir.

Acmhainní daonna

The Tá leibhéal ball foirne de 44 ball foirne coibhéise lánaimseartha ceadaithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta. Chomh maith leis sin, tá ceithre mhúinteoir ar iasacht ag an gComhairle atá ag obair leis an gComhairle i réimsí ar nós cumarsáid, taighde, pleanáil a dhéanamh do chlár oideachas múinteoirí a athchreidiúnú agus scéim ionduchtúcháin do mhúinteoirí Droichead. Ullmhaíodh Dréachtphlean Lucht Saothair a dhéanann athbhreithniú ar fheidhmeanna reachtúla na Comhairle agus na hacmhainní atá ag teastáil ón gComhairle lena feidhmeanna agus a plean straitéiseach a chur i bhfeidhm. Rinne an Chomhairle an Plean a mheas den chéad uair sa bhliain tuairiscithe. Tá feidhm seirbhísí bainistithe fós mar ghné thábhachtach den mhéid acmhainní

a chuireann an Chomhairle ar fáil, seirbhís teileafóin agus tacaíocht riaracháin duine le duine ar feadh an lae á soláthar. Agus méid na n-iarratas agus glaonna teileafóin atá tar éis méadú (go háirithe i gcúrsaí grinnfhiosrúcháin) bhí an Chomhairle sa suíomh le cur leis go tapa chun an t-éileamh a chomhlíonadh. Imíonn an conradh leis an soláthraí seirbhíse reatha in éag i mí na Samhna 2018 agus tá socruithe á ndéanamh le tairiscint a chur amach arís.

Ceapachán na Comhairle

Tá 37 comhalta ag an gComhairle agus is iad comhlachtaí ainmniúcháin a ainmníonn 16 díobh lena n-áirítear na hInstitiúidí Ardoideachais, ceardchumann na múinteoirí, bainistíocht na scoileanna agus Comhairlí Náisiúnta na dTuismitheoirí. Tá téarmaí oifige an 16 chomhalta atá i gceist le teacht chun deiridh go luath i mí Aibreáin 2018 agus cuireadh an próiseas le ainmnithe nua a lorg i gcrích ag deireadh na bliana tuairiscithe agus cuireadh iad ar aghaidh go dtí an tAire le bheith ceaptha ar an gComhairle.

Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide

Tá cur i bhfeidhm Straitéis TF 2015-2020 fós mar thús áite agus rinneadh tuilleadh oibre i rith na bliana tuairiscithe le dul chun cinn a dhéanamh ar théarnamh tubaiste agus ar shocrú le pleanáil a dhéanamh le haghaidh gnó leanúnaigh. Is réimse a thugtar tús áite iomlán é slándáil na sonraí atá againn agus rinneadh athbhreithniú ar an slándáil arís i rith na bliana le hathdhearbhú a chur ar fáil sa réimse seo.

Rialachas corparáideach

I rith na bliana rinneadh an-dul chun cinn i dtreo an Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh. Oibríonn an Chomhairle go dlúth i gcomhar lena hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha lena chinntiú go bhfuil an smacht inmheánach éifeachtach agus go ndéantar an riosca a bhainistiú go leibhéal atá inghlactha

Cosaint sonraí

Sular tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) i bhfeidhm ar an 25 Bealtaine 2018, rinneadh athbhreithniú ar nósanna imeachta sonraí cosanta na Comhairle.

Ag croílár na reachtaíochta nua tá riachtanas ann go mbíonn eagraíochtaí agus gnólachtaí go hiomlán trédhearcach faoin gcaoi ina bhfuil sonraí pearsanta in úsáid agus á gcaomhnú acu, agus a bheith in ann cuntasacht a léiriú as a gcuid gníomhaíochtaí próiseála sonraí. Mar Rialaitheoir Sonraí, rialaíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta ábhair agus úsáid sonraí pearsanta i rith an chuid is mó dá cuid feidhmeanna.

Rinneadh Polasaí Príobháideachais na Comhairle a nuashonrú go mór leis an reachtaíocht nua a léiriú agus foilsíodh é ar an suíomh gréasáin sular tháinig an GDPR i bhfeidhm. Sa Pholasaí leagtar amach an bonn ina ndéanfar aon sonraí pearsanta a thugtar don Chomhairle a phróiseáil. Baineann sé seo leis na sonraí pearsanta uile, is cuma faoin meán nó faoin modh inar bailíodh iad. Eisíodh ríomhíris chuig na múinteoirí ar an 23 Bealtaine 2018, a leag amach an réasúnaíocht d'fhorbairt an Pholasaí nua agus bhí nasc ann chuig an áit ina bhfuil sé ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

San áireamh sna céimeanna eile a glacadh bhí na nithe seo a leanas:

- Rinneadh forbairt ar liosta de phróisis, ina bhfuil an t-eolas ar fad nach mór a thairfeadh le haghaidh na bpróiseas ina mbíonn sonraí pearsanta á lorg. Déanfar athbhreithniú ar an liosta de phróisis agus a thabhairt suas chun dáta ar bhonn leanúnach, go háirithe nuair a thugtar próisis nua isteach. Leis seo beidh an Chomhairle in ann taifead sonraí pearsanta iomlán agus suas chun dáta a choinneáil, a chinntíonn go mbeifear ag comhlíonadh faoin reachtaíocht GDPR.
- Bunaíodh comhaontuithe nó aguisíní ar chonarthaí faoi sonraí a chomhroinnt leis na heagraíochtaí tríú páirtí a dhéanann sonraí pearsanta a phróiseáil faoi rialú na Comhairle Múinteoireachta. Leis seo cinnteofar go mbeidh ár bpróiseálaithe sonraí ar fad ag comhlíonadh na riachtanas GDPR nuair atá sonraí pearsanta á bpróiseáil.
- Athbhreithniú a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil sonraí pearsanta AD inmheánacha, pholasaithe Corparáideacha agus ball foirne uile na Comhairle á gcosaint
- Rinneadh Polasaí Coinneála na Comhairle a thabhairt suas chun dáta lena chinntiú go bhfuil an tréimhse ama leis na sonraí pearsanta uile a phróiseáil sa Chomhairle leagtha amach go soiléir.

Mar an comhlacht caighdeán gairmiúla do ghairm na múinteoireachta, cuireann an Chomhairle fáilte roimh na caighdeáin nua, atá á gcur i bhfeidhm ag an GDPR agus leanfar ag glacadh go han-dáiríre lenár bhfreagrachtaí trí sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach oscailte agus trédhearcach.



1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
11	12	13	14	15	16	17	18	19	20
21	22	23	24	25	26	27	28	29	30
31	32	33	34	35	36	37	38	39	40
41	42	43	44	45	46	47	48	49	50
51	52	53	54	55	56	57	58	59	60
61	62	63	64	65	66	67	68	69	70
71	72	73	74	75	76	77	78	79	80
81	82	83	84	85	86	87	88	89	90
91	92	93	94	95	96	97	98	99	100

Aguisíní

Aguisín 1	Na Ráitis Airgeadais	30
Aguisín 2	Comhaltaí na Comhairle Múinteoireachta	49
Aguisín 3	Coistí agus painéil	51
Aguisín 4	Costais comhaltaí na Comhairle 2017	57

Aguisín 1 Na Ráitis Airgeadais

An Chomhairle Mhúinteoireachta

Na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017

Cathaoirleach

Gerry Quinn (a d'éirigh as mar Chathaoirleach ar an 3 Iúil 2017)
Noelle Moran (a toghadh mar Chathaoirleach ar an 27 Samhain 2017)

Leas-Chathaoirleach

Sean McMahan

Comhaltaí na Comhairle

Elizabeth Cooney
Michael Delargey
Karen Devine
Catherine Doolan
Niall Duddy
Patricia Duffy
Peter Finnegan
Dr Mary Fleming
Pat Gilmore
Mairéad Glynn
Colm Harte
John Holian
Declan Kelleher
Ferdia Kelly
Gregor Kerr
Martin Lally
Gerry Leydon
(a ceapadh ar an 27 Samhain 2017)
Máire Lineen
Áine Lynch
Denis Magner
Claire Markey
Paul Mooney
Yvonne Ní Mhurchu
(a d'éirigh as ar an 17 Meán Fómhair 2017)
Seamus Mulconry
Deirdre O'Connor
Séamus O'Connor
Prof. Pádraig Ó Duibhir
Seamus Ó Fearraigh
Prof. Anne O'Gara

Cathnia Ó Muircheartaigh
(a ceapadh ar an 31 Deireadh Fómhair 2017)
Seán O'Neill
Prof. Mary O'Sullivan
Gerry Quinn
Eamonn Shaughnessy
Tracie Tobin
Frank Turpin

Iniúcháirí

Cuntasóirí Cairte
& Iniúcháirí Cláraithe
Cúirt Uíbh Eachach
Bóthar Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

Seoladh Gnó

Bloc A
Campas Gnó Mhaigh Nuad
Maigh Nuad
Co. Chill Dara

Baincéirí

Banc na hÉireann
An Phríomhshráid
Maigh Nuad
Co. Chill Dara

Banc AIB plc
An Phríomhshráid
Maigh Nuad
Co. Chill Dara

Aturnaetha

McDowell Purcell Partnership
Aturnaetha
Foirgneamh Chéipil
Mainistir Mhuire, Baile Átha Cliath 7

Byrne Wallace
Aturnaetha
88 Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

Clár an Ábhair

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle	32-35
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	35-37
Tuairisc na nIníochóirí Neamhspleácha	37-38
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	39
Clár Comhardaithe	40
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim	41
Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	42-47

Rialachas

Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta faoin Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001. Tá feidhmeanna na Comhairle leagtha amach in alt 7 den Acht seo. Tá an Chomhairle cuntasach don Aire Oideachais agus Scileanna agus tá sí freagrach as an dea-rialachas a chinntiú agus feidhmíonn sí an tasc seo trí cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus trí chinntí straitéiseacha a ghlacadh faoi na saincheisteanna gnó uile. Is é an Stiúrthóir agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as bainistíocht laethúil, rialú agus treoir na Comhairle Múinteoireachta. Ní mór don Stiúrthóir agus don fhoireann ardbhainistíochta treoir straitéiseach leathan a leanúint atá leagtha síos ag an gComhairle, agus ní mór a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile na Comhairle faoi na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an eagraíocht, agus faoi aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Stiúrthóir mar theagmhálaí díreach idir an Chomhairle agus bainistíocht na Comhairle Múinteoireachta.

Freagrachtaí na Comhairle

Tá dualgais agus freagrachtaí na Comhairle leagtha amach ina Cód Cleachtas ina bhfuil ábhair a choimeádtar go sonrach le haghaidh chinneadh na Comhairle. San áireamh sna míreanna seasta a dhéanann an Chomhairle a mheas tá na nithe seo a leanas:

- Dearbhú leasanna
- Faomhadh na miontuairiscí de na cruinnithe roimhe seo
- Tuairisc an Stiúrthóra
- Tuairiscí a fháil agus a mheas ó choistí agus cinntí a dhéanamh más iomchuí
- Ábhair fhorchoimeáda.

In Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001 ní mór don Chomhairle na cuntais uile chuí agus ghnácha agus taifid uile den airgead a fuarthas agus a caitheadh ar gach maoin, sócmhainn agus dlíteanas na Comhairle a choimeád.

Tá sé de dhualgas ar an gComhairle agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aici:

- Beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- Breithiúnais agus meastacháin réasúnta agus stuama a dhéanamh
- Na cuntais airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin dá mbeadh sé míchuí a thoirmeach go leanfadh an eagraíocht leis an ngnó
- A chur in iúl ar leanadh na caighdeáin chuntais infheidhme, faoi réir aon athruithe a bhaineann le hábhar a cuireadh i bhfios agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá sé de fhreagracht ar an gComhairle leabhair chuí chuntais a choimeád a chuirfidh i bhfios go réasúnta cruinn, tráth ar bith, cad í staid airgeadais na heagraíochta agus a chuirfidh ar a cumas a dheimhniú go ndéantar na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an chleachtas chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leis in Éirinn agus de réir Dhlí na hÉireann lena n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Tá an Chomhairle freagrach as cothabháil agus ionracas an eolais chorparáidigh agus airgeadais ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta.

Tá an Chomhairle freagrach as an plean agus buiséad bliantúil a fhaomhadh.

Tá an Chomhairle freagrach as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus as na bearta cuí a chur i bhfeidhm chun calaois nó mírialtachtaí eile a bhrath agus a sheachaint dá réir sin.

Measann an Chomhairle go dtugann ráitis airgeadais na Comhairle Múinteoireachta léargas fíor cothrom d'fheidhmíocht airgeadais agus de shuíomh airgeadais na Comhairle Múinteoireachta amhail ar an 31 Nollaig 2017.

Struchtúr na Comhairle

Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta déanta suas de 37 comhalta deonacha, mar seo a leanas:

- 11 mhúinteoir bunscoile (naonúr díobh atá tofa agus beirt díobh atá ainmnithe ag ceardchumann múinteoirí)
- 11 mhúinteoir iarbhunscoile (seachtar díobh atá tofa agus ceathrar díobh atá ainmnithe ag ceardchumann múinteoirí)
- Beirt atá ainmnithe ag coláistí oideachais
- Beirt atá ainmnithe ag comhlachtaí tríú leibhéal sonraithe
- Ceathrar atá ainmnithe ag bainistíocht scoile (beirt ag leibhéal na bunscoile agus beirt ag leibhéal na hiarbhunscoile)
- Beirt atá ainmnithe ag cumainn tuismitheoirí (duine amháin ag leibhéal na bunscoile agus duine amháin ag leibhéal na hiarbhunscoile) agus
- Cúigear atá ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna (lena n-áirítear duine amháin a dhéanann ionadaíocht do Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) agus duine amháin a dhéanann ionadaíocht do Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU))

De ghnáth ceaptar comhaltaí ar feadh tréimhse ceithre bliana. Féach ar eolas faoin gComhairle ag tús na ráiteas airgeadais le haghaidh sonraí faoin gComhairle reatha.

Tá na Coistí agus Painéil seo a leanas bunaithe ag an gComhairle:

- **Coiste Feidhmiúcháin** – a éascaíonn feidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil na Comhairle trí ghnó na Comhairle a reáchtáil idir cruinnithe den Chomhairle
- **Coiste Imscrúdaithe** – Is féidir le duine ar bith iarratas a dhéanamh chuig an gCoiste Imscrúdaithe ar fhiosrú a dhéanamh maidir le feidhmiúlacht chun múineadh de mhúinteoir cláraithe
- **Coiste Araíonachta** – Reáchtálfaidh painéal den Choiste Araíonachta éisteacht ar ghearán atá curtha ar aghaidh ag an gCoiste Imscrúdaithe chuige

- **Coiste Clárúcháin** – a chuireann comhairle ar an gComhairle agus a dhéanann moltaí i ngach réimse a bhaineann le clárú múinteoirí.
- **Coiste Oideachais** – atá freagrach as moltaí a dhéanamh don Chomhairle ar pholasaithe a bhaineann le leanúntas oideachas múinteoirí.
- **Coiste Airgeadais** – a dhéanann maoirseacht ar ghnóthaí airgeadais na Comhairle.
- **Coiste Iniúcháireachta agus Riosca** – a dhéanann monatóireacht ar an gcóras um rialú inmheánach laistigh den eagraíocht agus a bhainistíonn riosca.
- **Grúpa Athbhreithnithe ar Chlárú** – Suíonn an Coiste Clárúcháin mar an Grúpa Athbhreithnithe ar Chlárú i gcásanna ina bhfuil múinteoirí míshásta leis an toradh de chinneadh a rinne painéal agus ina n-iarrann siad athbhreithniú a bheith déanta ar an gcinneadh a bhí ann ar dtús.
- **Painéal Clárúcháin** – atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar aon saincheistean a bhaineann le clárú múinteoirí, ar nós síneadh ama a bhronnadh orthu siúd a bhfuil clárú coinníollach acu.
- **Painéal Fianaise ar Charachtar** – a dhéanann measúnú ar an bhfianaise ar charachtar d'iarratasóirí atá ag iarraidh clárú mar mhúinteoirí leis an gComhairle. Tá an Painéal freagrach freisin as measúnú a dhéanamh ar dhaoine a bheith cuí agus oiriúnach mar chuid den phróiseas athnuachana ar chlárú
- **Painéal Cáilíochtaí** – a dhéanann measúnú ar cháilíochtaí gairmiúla na n-iarratasóirí atá ag iarraidh clárú mar mhúinteoirí.

Nochtuithe atá riachtanach de bharr an Chóid Chleachtas um Rialú Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Chomhairle freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar na riachtanais den Chód Cleachtas um Rialú Comhlachtaí Stáit (“An Cód”). Is iad seo a leanas na nochtuithe atá riachtanach de bharr an Chóid:

Costais Comhairliúcháin

Clúdaíonn costais comhairliúcháin costas na comhairle seachtraí don bhainistíocht agus ní chlúdaíonn sé gnáthfheidhmeanna a dhéantar a sheachfhoinsiú.

	2017 €	2016 €
Comhairle dlí	38,248	30,164
Riarachán pinsean	4,459	4,382
Pleanáil straitéiseach (Straitéis TF san áireamh)	19,188	30,504
Soláthar	5,151	3,659
Rialú inmheánach & iniúchadh inmheánach	4,513	9,128
Cumarsáid	76,440	80,919
TFC	22,413	17,871
Total	170,412	176,627

Costais Dlí Eile

	2017 €	2016 €
Costais Dlí – Clárúchán	174,709	156,151
Costais Dlí – Caigneáin Ghairmiúla	476,401	262,984
Total	651,110	419,135

Caiteachas Taistil & Cothabhála

	2017 €	2016 €
Intíre		
Comhaltaí na Comhairle	128,751	136,329
Baill Foirne	44,211	43,737
Idirnáisiúnta		
Comhaltaí na Comhairle	2,639	1,580
Baill Foirne	11,712	6,870
Total	187,313	188,516

Caiteachas Fáilteachais

	2017 €	2016 €
Leas na mball foirne	1,885	5,136

In 2016 cuireadh scagthástáil ó thaobh sláinte de a bhí fóirdheonaithe ar fáil do bhaill foirne na Comhairle.

Ráiteas Comhlíonta

Tá an Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit (2016) curtha i bhfeidhm ag an gComhairle agus tá nósanna imeachta á gcur i bhfeidhm aici le comhlíonadh iomlán a chinntiú in 2018. I rith 2017, rinne an Chomhairle anailís bhearna leis na réimsí a bhfuiltear le tabhairt fúthu a aithint. Tá an obair ag leanúint ar aghaidh in 2018 leis an gcomhlíonadh iomlán a chinntiú. Na príomhréimsí a bhfuil gá le tabhairt fúthu ná:

- Forbairt a dhéanamh ar pholasaí Bainistíochta Riosca agus ar ráiteas inghlacthachta riosca
- Athbhreithniú na Comhairle ar an éifeachtúlacht a chur i gcrích
- Téarmaí tagartha agus saineolas an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca a láidriú.

Forbairtí Amach Anseo

Tá pleananna ag an gComhairle leanúint ar aghaidh lena gníomhaíochtaí reatha. Chuir an Chomhairle tús le próiseas forbartha le haghaidh Cosán, an chreatlach náisiúnta um fhoghlaim múinteoirí, atá le bheith críochnaithe in 2020.

Leabhair Chuntais

De réir Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, tá sé de fhreagracht ar an gComhairle leabhair chuí chuntais a choimeád a chuirfidh i bhfios go réasúnta cruinn, tráth ar bith, cad í staid airgeadais na heagraíochta. Tá an Chomhairle freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus as bearta cuí a chur i bhfeidhm chun calaois nó mírialtachtaí eile a bhrath agus a sheachaint dá réir sin. Déantar leabhair chuntais na Comhairle Múinteoireachta a chothabháil ag Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co Chill Dara.

Na hIniúcháirí

Tá sé curtha in iúl ag na hIniúcháirí, Anne Brady McQuillans DFK, go bhfuil siad sásta leanúint in oifig.

Imeachtaí i ndiaidh Dháta an Chláir Chomhardaithe

Ní raibh aon imthosca ann ná níor tharla aon imeachtaí i ndiaidh dheireadh na bliana a

fhágann gur gá na ráitis airgeadais nó na nótaí a ghabhann leo a choigeartú, nó gur gá iad a nochtadh sna ráitis nó sna nótaí sin.

Thar ceann na Comhairle

Noelle Moran
Cathaoirleach

Tomás Ó Ruairc
Stiúrthóir

Dáta: 28 Bealtaine 2018

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Raon Freagrachta

Thar ceann na Comhairle Múinteoireachta, aithním an fhreagracht atá orainn as a dheimhniú go ndéantar córas éifeachtúil de rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a chur i bhfeidhm.

Cuspóir an Chórais de Rialú Inmheánach

Tá an córas de rialú inmheánach deartha le riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnach, seachas deimhniú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh go cuí, agus go bhfuil cosc á cur ar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go dtiocfaí orthu in am trátha.

Tá an córas de rialú inmheánach, atá i gcomhréir leis an Treoir a d'éisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Achóirithe i bhfeidhm ag an gComhairle Mhúinteoireachta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 agus suas go dtí an dáta faofa de na ráitis airgeadais.

Cumas le Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ag an gComhairle Mhúinteoireachta ar a bhfuil cúigear comhaltaí Comhairle. Tháinig an Coiste le chéile cúig huaire in 2017.

Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta a feidhm iniúchta inmheánaigh a sheachfhoinsiú a mbíonn acmhainní sásúla aige agus a reáchtálann clár oibre atá comhaontaithe leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca.

Creat um Riosca agus Rialú

Tá clár riosca i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá i ndán don Chomhairle Mhúinteoireachta agus rinneadh iad seo a

aithint, a mheas agus a ghrádú i gcomhréir cé chomh tábhachtach agus atá siad. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar an gclár agus tugtar suas chun dáta é ar bhonn ráithiúil. Baintear leas as toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ag leibhéal inghlactha.

Ar an gclár rioscaí tá mionsonraí de na rialuithe agus gníomhartha atá ag teastáil le rioscaí a mhaolú. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- Tá taifeadadh déanta de na nósanna imeachta do na príomhphróisis gnó uile
- Tá freagrachtaí airgeadais leagtha síos ag an leibhéal bainistíochta agus an chuntasacht chomhfhreagrach freisin
- Tá córas cuimsitheach pleanála agus buiséadach i bhfeidhm agus déantar athbhreithniú ar na nósanna caiteachais gach mí
- Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar impleachtaí airgeadais mór-rioscaí gnó, lena n-áirítear treoracha airgeadais agus nótaí faoi nósanna imeachta, cleachtais tarmiligin cosúil le huasteorainneacha údarúcháin arna gceadú ag an gComhairle agus dualgais a bhaineann le híocaíochtaí a phróiseáil a choinneáil deighilte ó dhualgais a bhaineann le híocaíochtaí a fhaomhadh
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní fisiceacha agus ionracas na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chosaint.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus ar easnaimh rialaithe agus cuirtear iad in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Chomhairle, más iomchuí é, go pras. Deimhním go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- Aithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus cuireadh na próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus le tuairisciú a dhéanamh ar aon easnaimh atá aitheanta
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht do bhainistíocht airgeadais leagtha síos agus
- Rinne an ardbhainistíocht athbhreithniú ar fheidhmíocht mhíosúil agus bhliantúil agus ar thuairiscí airgeadais a léiríonn an fheidhmíocht i gcoinne an bhuiséid.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an gComhairle Mhúinteoireachta i bhfeidhm leis an gcomhlíonadh rialacha agus treoirlínte soláthair reatha a chinntiú agus gur chloígh an Chomhairle Mhúinteoireachta leis na nósanna imeachta sin i rith 2017.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an gComhairle Mhúinteoireachta le monatóireacht a dhéanamh ar a bainistíocht riosca agus nósanna imeachta um rialú. Cuireann obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an ardbhainistíocht laistigh den Chomhairle Mhúinteoireachta atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú airgeadais inmheánach, le monatóireacht agus athbhreithniú na Comhairle Múinteoireachta ar éifeachtacht an chórais den rialú airgeadais inmheánach.

Deimhním go ndearna an Chomhairle athbhreithniú bliantúil ar an éifeachtacht de na rialuithe inmheánacha do 2017.

Saincheisteanna um Rialú Inmheánach

Aithníodh na saincheisteanna seo a leanas:

- Níl taifeadadh déanta ar an bPolasaí/ Creat um Bainistíocht Riosca faoi láthair: Tá an Bhainistíocht ag tabhairt faoina polasaí/creat um bainistíocht riosca a thairfeadh faoi dheireadh Ráithe 2, 2018
- Ní mír sheasta é bainistíocht riosca ar an

gclár oibre ag cruinnithe na Comhairle
Ón gcéad chruinniú sceidealaithe den
Chomhairle in 2018, tá bainistíocht
riosca curtha san áireamh mar mhír
sheasta ag chlár oibre na Comhairle

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

- Níl aon Choiste Riosca ainmnithe:
Is é an Coiste Iniúcháireachta a rinne
athbhreithniú ar rioscaí i gcónaí. Tá an
Coiste athainmnithe anois mar an Coiste
Iniúcháireachta agus Riosca agus tá sé
soiléir go bhfuil sé freagrach as rioscaí
- Ní dhearna an Chomhairle athbhreithniú
ar a cuid feidhmíochta agus a coistí féin i
rith na bliana:
Tá meastóireacht ar fheidhmíocht na
Comhairle beartaithe do Ráithe 2 2018.

Déanfaidh an Coiste Iniúcháireachta agus
Riosca monatóireacht ar na gníomhartha
thuasluaite a chur i bhfeidhm.

Thar ceann na Comhairle

Noelle Moran
Cathaoirleach

Dáta: 28 Bealtaine 2018

Tuairisc na nIniúcháirí Neamhspleácha do Chomhaltaí Comhairle na Comhairle Múinteoireachta

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais na
Comhairle Múinteoireachta don bhliain dar
chríoch 31 Nollaig 2017, arb ionann iad agus
an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár
Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh
Airgid Thirim agus na nótaí a ghabhann leo. Is
é an chreatlach chuí um thuairisciú airgeadais
a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná
Cleachtas Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh
Coitianta Leo in Éirinn (lena n-áirítear
FRS 102 den Chaighdeán um Thuairisciú
Airgeadais atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe
agus i bPoblacht na hÉireann a d'eisigh an
Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais agus
atá curtha i bhfeidhm ag Institiúid Cuntasóirí
Cairte na hÉireann).

Cuirtear an tuairisc seo faoi bhráid
Chomhaltaí na Comhairle, mar chomhlacht,

de réir Alt 18 den Acht um Chomhairle
Mhúinteoireachta, 2001. Gabhadh don obair
iniúcháireachta le gur féidir na nithe is gá
a lua do na comhaltaí a chur in iúl dóibh i
dtuairisc an iniúchára agus ní ar mhaithe le
haon ní eile. A mhéad is mó a cheadaítear
de réir an dlí, ní ghlacaimid ná ní ghéillimid
freagracht i leith aon duine seachas an
eagraíocht agus comhaltaí na Comhairle mar
chomhlacht, as an obair iniúcháireachta, as
an tuairisc seo nó as an tuairim a thugaimid

Freagrachtaí ar leith na Comhairle agus na nIniúcháirí

Déantar freagrachtaí na Comhairle maidir le
tuairisc agus ráitis airgeadais na Comhairle a
ullmhú de réir dhlí infheidhme na
hÉireann, lena n-áirítear Alt 18 den Acht um
Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, agus
de réir na gcaighdeán cuntasaíochta arna
n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú
Airgeadais (an Cleachtas Cuntasaíochta a
bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn) a
leagan amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na
Comhairle.

Is é an dualgas atá orainn na ráitis
airgeadais a iniúchadh de réir na
gceanglas ábhartha dlíthiúil agus rialála
agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta
Iniúcháireachta (an RA agus Éire). De
réir na gcaighdeán sin, ní foláir dúinn na
Caighdeáin Eiticíúla d'Iniúcháirí de chuid
an Bhoird um Chleachtas Iniúcháireachta a
chomhlíonadh.

Scóip Feidhme Iniúchadh na ráiteas airgeadais

Is é atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a
fháil maidir le méideanna agus nochtadh
sna ráitis airgeadais atá leordhóthanach
d'fhonn dearbhú réasúnach a thabhairt go
bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhírítis
ábhartha, bíodh sin de bharr calaoise nó
earráide. Clúdaíonn sé na nithe seo a leanas:
cibé an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta
i comhréir le cúinsí na Comhairle agus ar
cuireadh i bhfeidhm iad go leanúnach agus
an ndearnadh iad a nochtadh mar is cuí;
réasúntacht meastachán cuntasaíochta
shuntasacha atá déanta ag comhaltaí na
Comhairle; agus cur i láthair na ráiteas
airgeadais ar an iomlán agus aon fhaisnéis
ar léir atá mícheart ó thaobh ábhair de
bunaithe ar an eolas, nó nach bhfuil ag
teacht leis an eolas ó thaobh ábhair de,
a fuaireamar le linn na tréimhse leis an

iniúchadh a dhéanamh. Chomh maith leis sin, tá an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais uile i dtuairisc chomhaltaí na Comhairle léite againn chun na neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint agus chun aon fhaisnéis a aithint ar léir atá mícheart ó thaobh ábhair de bunaithe ar an eolas, nó nach bhfuil ag teacht leis an eolas ó thaobh ábhair de, a fuaireamar le linn na tréimhse leis an iniúchadh a dhéanamh. Má thagaimid ar an eolas faoi aon mhír áitis nó neamhréireachtaí ábhartha déanaimid na himpleachtaí dár dtuairisc a mheas.

Tuairisc na nIniúcháirí Neamhspleácha do Chomhaltaí Comhairle na Comhairle Múinteoireachta

An Tuairim

Is é an tuairim atá againn i leith na ráiteas airgeadais:

- go dtugtar léargas fíor cothrom iontu, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn, ar staid ghnóthaí na Comhairle amhail an 31 Nollaig, 2017 agus ar a cuid torthaí don bhliain dar chríoch an lá sin, agus

- gur ullmhaíodh mar is cuí iad de réir cheanglais Dhlí na hÉireann, lena n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

Fuaireamar gach píosa faisnéise agus gach míniú a mheasamar a raibh gá leis chun críche an iniúchta. Is é an tuairim atá againn gur choimeád an eagraíocht leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é an tuairim atá againn go dtagann an fhaisnéis a thugtar sa Ráiteas Rialachais agus i dtuairisc Chomhaltaí na Comhairle agus sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach leis na ráitis airgeadais.

Natalie Kelly
ar son agus thar ceann
Anne Brady McQuillans DFK
Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe
Cúirt Uíbh Eachach
Bóthar Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

Dáta: 28 Bealtaine 2018

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €	2016 €
Ioncam			
Táillí Clárúcháin agus Measúnaithe		6,696,862	6,409,969
Ioncam Eile		-	461
Ioncam Iomlán	2	6,696,862	6,410,430
Caiteachas			
Costais Chóiríochta		(117,758)	(119,434)
Costais Foirne		(3,740,928)	(3,632,951)
Costais Caighdeán Ghairmiúla		(498,488)	(262,984)
Costais Riaracháin Eile		(881,026)	(990,353)
Costais Chúrsaí, Chomhdhálacha agus Chruinnithe		(172,722)	(196,301)
Costais Chlárúcháin agus Fíorúcháin		(96,641)	(79,013)
Costais Teicneolaíochta Faisnéise		(301,816)	(315,293)
Costais Chumarsáide agus Oideachais		(682,170)	(954,713)
Dímheas	7	(392,563)	(406,320)
Caiteachas Iomlán		(6,884,112)	(6,957,362)
Easnamh ar Ghátghíomhaíochtaí		(187,250)	(546,932)
Ús infhaighte agus ioncam sa shamhail		29,910	41,780
Ioncam Cíosa ar Mhaoin		189,184	188,955
Costais Bhainistíochta ar Mhaoin		(44,900)	(79,240)
Easnamh roimh chánachas	3	(13,056)	(395,437)
Cánachas	6	(13,037)	(17,130)
Easnamh tar éis cánachais		(26,093)	(412,567)

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017

Níl aon bharrachas ná easnamh aitheanta seachas an toradh do na tréimhsí airgeadais thuasluaite. D'eascair toradh na bliana go hiomlán as gnóthaí leantacha.

Is dlúthchuid de na ráitis airgeadais seo na nótaí ar leathanaigh 15 go 23.

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 28ú Bealtaine 2018 agus síníodh iad thar a ceann ag

Noelle Moran
Cathaoirleach

Tomás Ó Ruairc
Stiúrthóir

An Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2017

	Nótaí	€	2017 €	€	2016 €
Sócmhainní Seasta					
Sócmhainní inláimhsithe	7		4,779,991		5,057,507
			4,779,991		5,057,507
Sócmhainní Reatha					
Féichiúnaithe	8	10,457		10,457	
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh		13,122,865		12,846,959	
Iomlán		13,133,322		12,857,756	
Creidiúnaithe: Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin	9	(141,328)		(117,185)	
Glansócmhainní Reatha			12,991,994		12,740,571
Iomlán na Sócmhainní Líide Dlíteanais Reatha			17,771,985		17,798,078
Cúlchistí					
Cúlchiste Ainmnithe	10		4,000,000		4,000,000
Cúlchistí Ginearálta	10		13,771,985		13,798,078
Iomlán na gCistí			17,771,985		17,798,078

Is dlúthchuid de na ráitis airgeadais seo na nótaí ar leathanaigh 15 go 23.

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 28ú Bealtaine 2018 agus síníodh iad thar a ceann ag

Noelle Moran
Cathaoirleach

Tomás Ó Ruairc
Stiúrthóir

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €	2016 €
Easnamh oibriúcháin a réiteach le glan-insreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Easnamh oibriúcháin (roimh ús faighte)		(42,966)	(437,217)
Dímheas	3	392,563	406,320
Laghdú ar fhéichiúnaithe	8	340	48,855
Méadú / (Laghdú) ar chreidiúnaithe	9	24,143	(23,055)
		374,080	(5,097)
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim			
Glansreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		374,080	(5,097)
Torthaí ar infheistíochtaí agus fónamh ar airgeadas	12	29,910	41,780
Cánachas	12	(13,037)	(17,130)
Fuascailt infheistíochta		-	10,014
Caiteachas caipitiúil agus infheistíocht airgeadais	12	(115,047)	(121,972)
		275,906	(92,405)
Glansreabhadh airgid thirim a réiteach le gluaiseachtaí i nglanchistí (Nóta 13)			
Méadú / (Laghdú) ar airgead tirim sa bhliain		275,906	(92,405)
Glan-chistí amhail an 1 Eanáir 2017		12,846,959	12,939,364
Glan-chistí amhail an 31 Nollaig 2017	13	13,122,865	12,846,959

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 28ú Bealtaine 2018 agus síníodh iad thar a ceann ag

Noelle Moran
Cathaoirleach

Tomás Ó Ruairc
Stiúrthóir

Beartais Chuntasaíochta

1. Beartais Chuntasaíochta

1.1. Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn agus reacht na hÉireann (FRS102 san áireamh). Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn agus ráitis airgeadais á n-ullmhú ina dtugtar léargas fíor cothrom, na caighdeáin arna bhfoilsíú ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

1.2. Ioncam

Is ionann ioncam agus táillí clárúcháin agus measúnaithe a fhaightear i rith na bliana. Tugtar cuntas ar na táillí uile is infhaighte ar bhonn fáltas, seachas ar an ioncam ón athbhreithniú agus creidiúnú ar chlár d'oidreachas tosaigh múinteoirí atá ar bhonn sonraisc. Cláraíonn na múinteoirí i rith na bliana agus maireann an clárú seo ar feadh 12 mhí. Ní dhéantar an t-ioncam a iarchur chun é seo a léiriú. In 2014 cheannaigh an Chomhairle Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad agus tá ioncam cíosa á fháil aici ó thionóntaí an fhoirgnimh. Tá sé seo curtha san áireamh faoi “Ioncam Cíosa ar Mhaoin” sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

1.3. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe agus Dímheas

Luaitear na sócmhainní seasta inláimhsithe de réir a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha.

Déantar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe a dhímheas ar rátaí arna ríomh chun costas nó luacháil gach sócmhainne, lúide an luach iarmharach measta, a dhíscríobh go córasach ar feadh a saolré fóna ionchais, mar seo a leanas:

Áitreabh	-	2.5% de réir méid chothroim
Daingneáin agus Feistis	-	10% de réir méid chothroim
Bogearraí Ríomhaire	-	20% de réir méid chothroim
Trealamh Ríomhaire	-	33.33% de réir méid chothroim

Déantar luachanna anonn na sócmhainní seasta inláimhsithe a athbhreithniú gach bliain le haghaidh laghdú i dtréimhsí más rud é go dtugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhfuil seans ann nach mbeidh an luach anonn in-aisghabhála.

1.4. Pinsin

Déanann an Chomhairle scéim phinsin le sochar sainithe a fheidhmiú dá cuid fostaithe. Tá an scéim bunaithe ar Shamhail na Seirbhíse Poiblí agus d'fhaomh an tAire Oideachais agus Scileanna agus an tAire Airgeadais í. Déantar sochair phinsin is iníoctha faoin scéim a mhaoiniú as an Státchiste.

Ina theannta sin, tá roinnt saintréithe faoi leith ag socruithe na Comhairle:

- íocann an Chomhairle ranníocaíocht chomhaontaithe leis an Roinn Oideachais agus Scileanna
- tá eilimint fostaí san áireamh sa ranníocaíocht sin i dteannta na heiliminte fostóra. De réir bheartas an rialtais faoi phinsin san earnáil phoiblí, is ionann ranníocaíocht an fhostóra agus 25% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ag ráta A agus 30% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ag ráta D
- -thug an Roinn Oideachais agus Scileanna, le comhaontú na Roinne Airgeadais, gealltanais follasach go n-íofar costas na sochar as an Státchiste de réir mar a bheidh siad dlite.

In Acht Phinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 tugadh isteach an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair nua (“Scéim Aonair”) a tháinig i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2013. Is baill den Scéim Aonair iad na fostaithe nua uile den Chomhairle Mhúinteoireachta, ar

iontrálaithe nua iad sa tseirbhís phoiblí ar an nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013.

Measann an Chomhairle go bhfuil an tionchar airgeadais céanna ag na socruithe pinsin thuas ó thaobh na Comhairle de agus a bheadh ag scéim phinsin le ranníocaíocht shainithe. Tá an Chomhairle den tuairim nach bhfuil forálacha FRS 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir, a bhíonn i gceist i gcás scéimeanna le sochair shainithe, feiliúnach dá cuid cúinsí. Dá réir sin, déantar a ranníocaíocht a chuntas amhail is dá mba scéim le ranníocaíocht shainithe í.

1.5. Cánachas

Bunaítear an costas bliantúil cánachais ar ioncam éighníomhach na bliana agus ríomhtar é faoi threoir an ráta cánach atá i bhfeidhm dáta an chláir chomhardaith.

1.6. Cúlchistí Ainmnithe

Chinn an Chomhairle go bhféadfaidh sí, de réir mar is rogha léi féin, suimeanna airgid gan teorainn a chur ar leataobh i gcomhair cúiseanna ainmnithe sa todhchaí. I gcás nach mbeidh gá a thuilleadh leis na cistí seo cuirfear ar ais sa Chúlchiste Ginearálta iad.

2. Ioncam

D'éascair ioncam na heagraíochta don bhliain as a príomhghníomhaíocht ar tugadh fúithi go hiomlán in Éirinn.

3. Easnamh Oibriúcháin

	2017 €	2016 €
Luaitear easnamh oibriúcháin i ndiaidh na nithe seo a leanas a mhuirearú:		
Dímheas	392,563	406,320
Luach Saothair an Iniúcháin	6,968	7,664

4. Líon Foirne agus Luach Saothair

Costais foirne	2017 €	2016 €
Pá agus tuarastail	1,895,507	1,963,533
Costais leasa shóisialaigh	166,230	162,016
Costais Pinsean	427,955	437,508
Costas Seirbhísí Bainistithe	1,150,105	980,938
Costais Oiliúna & Leasa	95,944	80,620
Costais foirne eile	5,187	8,336
Iomlán	3,740,928	3,632,951

(a) Sochair Chomhiomlána na bhFostaithe

	2017 €	2016 €
Sochair ghearrthéarmacha foirne	1,895,507	1,963,533
Costais sochair dul ar scor	427,955	437,508
Ranníocaíocht an fhostóra ar an leas sóisialach	166,230	162,016
Iomlán	2,489,692	2,563,057

Líon iomlán na mball foirne a bhí fostaithe (Coibhéis lánaimseartha) ag deireadh na bliana ba ea 41.2 (2016: 40.7)

(b) Sochair Ghearrthéarmacha Foirne

	2017 €	2016 €
Bunphá	1,876,745	1,944,550
Ragobair	10,692	12,277
Liúntais	8,070	6,706
Iomlán	1,895,507	1,963,533

(c) Príomhphearsanra Bainistíochta

Tá an príomhphearsanra bainistíochta sa Chomhairle Mhúinteoireachta comhdhéanta den Stiúrthóir, Leas-Stiúrthóir, Ceannasaí Fhoghlaim agus Thaighde na Múinteoirí, Ceannasaí Oideachas Tosaigh Múinteoirí agus Ionduchtúcháin, Ceannasaí Clárúcháin, Ceannasaí Caighdeán Ghairmiúla agus Ceannasaí Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha. Tá luach iomlán shochair fostaithe don phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos:

	2017 €	2016 €
Tuarastal	522,694	550,151
Liúntais	-	-
Iomlán	522,694	550,151

Ní chlúdaíonn sé seo luach na sochar dul ar scor a tuilleadh sa tréimhse seo. Is baill de scéim phinsin na Comhairle Múinteoireachta iad an príomhphearsanra bainistíochta (seachas an Stiúrthóir) agus ní imíonn a gcuid teidlíochtaí maidir leis sin thar téarmaí na samhla de scéim phinsin na seirbhíse poiblí.

Ní fhaigheann comhaltaí na Comhairle aon luach saothair as ucht a gcuid oibre thar ceann na Comhairle.

(d) Tuarastal agus Sochair an Stiúrthóra

	2017 €	2016 €
Bunphá	100,006	97,643
Sochair eile	-	-
Iomlán	100,006	97,643

Tá an Stiúrthóir ar iasacht go dtí an Chomhairle Mhúinteoireachta ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus is ball de scéim phinsin na státseirbhíse é. Ní théann a chuid teidlíochtaí i dtaca leis sin thar an tsamhail de scéim phinsin na seirbhíse poiblí. Níl luach na sochar dul ar scor a tuilleadh sa tréimhse curtha san áireamh thuas.

(e) Briseadh Síos Shochair Ghearrthéarmacha na bhFostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe os cionn €60,000 a rangú sna bannaí seo a leanas:

Ó	Raon		Líon na bhFostaithe	
	Go dtí	2017	2016	
€ 60,000	€ 69,999	3	3	
€ 70,000	€ 79,999	1	2	
€ 80,000	€ 89,999	2	1	
€ 90,000	€ 99,999	1	2	
€100,000	€109,999	1	0	

5. Costais Pinsean

Léiríonn an costas pinsean na ranníocaíochtaí atá iníoctha ag an gComhairle leis an gciste pinsean.

6. Cánachas

Cánachas na bliana reatha	2017	2016
	€	€
DIRT	13,037	17,130

Déantar Sceideal 4 a ghabhann leis an Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 a leasú in Alt 37 den Acht Airgeadais (Uimh. 2), 2013 d'fhonn an Chomhairle Mhúinteoireachta a áireamh sa liosta de chomhlachtaí sonraithe neamhthráchtála atá urraithe ag an Stát agus a cháilíonn do dhíolúine ó fhorálacha áirithe cánach faoi Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. De réir an ailt sin, tá ioncam áirithe a eascraíonn agus ab innhuirir i leith cáin faoi Chás III, IV, agus V de Sceideal D mura mbeadh an t-alt sin ann, faoi dhíolúine ó cháin ioncaim. Bíonn ús taisce faoi réir cáin choinneála ar ús taisce (DIRT) i gcónaí.

7. Sócmhainní Seasta

	Aitreabh	Daingneáin & Feistis	Bogearraí Ríomhaire	Trealamh Ríomhaire	Iomlán
		€	€	€	€
Costas					
Amhail an 1 Eanáir 2017	3,691,937	1,594,109	784,663	629,772	6,700,481
Breiseanna	-	16,560	8,907	89,580	115,047
Díúscairtí	-	(12,348)	(178,786)	(118,788)	(309,922)
Amhail an 31 Nollaig 2017	3,691,937	1,598,321	614,784	600,564	6,505,606
Dímheas					
Amhail an 1 Eanáir 2017	184,596	328,506	576,244	553,628	1,642,974
Ar dhíúscairtí	-	(12,348)	(178,786)	(118,788)	(309,922)
Muirear don bhliain	92,298	157,279	86,674	56,312	392,563
Amhail an 31 Nollaig 2017	276,894	473,437	484,132	491,152	1,725,615
Glanluachanna leabhar					
Amhail an 31 Nollaig 2017	3,415,043	1,124,884	130,652	109,412	4,779,991
Amhail an 31 Nollaig 2016	3,507,341	1,265,603	208,419	76,144	5,057,507

8. Féichiúnaithe

	2017 €	2016 €
Réamhíocaíochtaí	-	5,445
Féichiúnaithe Eile	7,020	1,834
Ioncam Fabhráithe	3,437	3,518
Iomlán	10,457	10,797

Is é atá i gceist le figiúr na bhféichiúnaithe eile ná Scéimeanna na Rothar chun Oibre agus táillí infhaighte maidir le Comhdháil Folláine um Múinteoirí agus Fhoghlaimeoirí a bhí ar siúl ar an 18ú Samhain 2017.

9. Creidiúnaithe: Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin

	2017 €	2016 €
Cánacha eile agus costais slándála sóisialaí	-	16,421
Fabhrúithe	141,328	100,764
Iomlán	141,328	117,185
San áireamh sna cánacha eile agus sna costais slándála sóisialaí:	2017 €	2016 €
ÍMAT / ÁSPC	-	-
CBL	-	562
PSWT	-	15,859
Total	-	16,421

10. Cúlchistí

	Cúlchiste Ginearálta €	Cúlchiste Ainmnithe €	Iomlán €
Cúlchistí tosaigh	13,798,078	4,000,000	17,798,078
Easnamh don bhliain	(26,093)	-	(26,093)
Cúlchistí Deiridh	13,771,985	4,000,000	17,771,985

De réir straitéis airgeadais na Comhairle, bunaíodh na cúlchistí ainmnithe mar chiste teagmhais chun aon chostas mór a ghlanadh a d'fhéadfadh éirí as agóidí dlíthiúla a bheith tugtha in aghaidh aon chuid de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001 go 2015 agus as aon rialú de chuid na Comhairle. De réir bheartas cuntasáíochta na Comhairle, i gcás nach mbeidh gá a thuilleadh leis na cistí seo cuirfear ar ais sa Chúlchiste Ginearálta iad.

11. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

De réir na nAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001 go dtí 2015, tá comhaltaí na Comhairle i dteideal aisíocaíocht a fháil i leith na gcostas a thabhaíonn siad de riachtanas agus iad i mbun obair na Comhairle nó i mbun obair Choistí na Comhairle. Ní mór do na comhaltaí, ar múinteoirí iad, a gclárú a athnuachan gach bliain chomh maith. Déantar na hidirbhearta uile ar bhonn neamhthuilleamaí agus tá siad san áireamh sna ráitis airgeadais seo.

12. Ollsreafaí Airgid Thirim

	2017 €	2016 €
Torthaí ar Infheistíochtaí agus Fónamh ar Airgeadas		
Ús faighte	29,910	41,780
Cánachas		
DIRT	(13,037)	(17,130)
Caiteachas Caipitiúil agus Infheistíocht Airgeadais		
Íocaíochtaí chun sócmhainní inláimhsithe a fháil	(115,047)	(121,972)

13. Anailís ar Athruithe i nGlanchistí

	Iarmhéid tosaigh €	Sreafaí airgid thirim €	Iarmhéid deiridh €
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	12,846,959	275,906	13,122,865
Glanchistí	12,846,959	275,906	13,122,865

14. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D’fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais ar an 28ú Bealtaine 2018 agus síníodh iad thar a ceann ag

Noelle Moran
Cathaoirleach

Tomás Ó Ruairc
Stiúrthóir

Aguisín 2 Comhaltaí na Comhairle Múinteoireachta

Tá 37 comhalta deonachas ar an gComhairle Mhúinteoireachta, mar seo a leanas:

- 11 mhúinteoir bunscoile (naonúr atá tofa agus beirt atá ainmnithe ag ceardchumainn na múinteoirí)
- 11 mhúinteoir iarbhunscoile (seachtar atá tofa agus ceathrar atá ainmnithe ag ceardchumainn na múinteoirí)
- beirt atá ainmnithe ag coláistí oideachais
- beirt atá ainmnithe ag comhlachtaí tríú leibhéal sonraithe
- ceathrar atá ainmnithe ag bainistíocht scoile (beirt ag leibhéal na bunscoile agus beirt ag leibhéal na hiarbhunscoile)
- beirt atá ainmnithe ag cumainn tuismitheoirí (duine amháin ag leibhéal na bunscoile agus duine amháin ag leibhéal na hiarbhunscoile) agus
- cúigear atá ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna (lena n-áirítear duine amháin chun ionadaíocht a dhéanamh do IBEC agus duine amháin chun ionadaíocht a dhéanamh do ICTU).

Tháinig an Chomhairle le chéile ocht n-uaire i rith na bliana agus taispeántar tinreamh gach comhalta sa tábla seo a leanas.

Comhalta	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Elizabeth Cooney, Uasal	7
Michael Delargey, Uasal	1
Karen Devine, Uasal	4
Catherine Doolan, Uasal	8
Niall Duddy, Uasal	8
Patricia Duffy, Uasal	5
Peter Finnegan, Uasal	6
An Dr Mary Fleming	7
Pat Gilmore	6
Mairéad Glynn *, Uasal	5
Colm Harte, Uasal	7
John Holian, Uasal	8
Declan Kelleher, Uasal	7
Ferdia Kelly, Uasal	4
Gregor Kerr, Uasal	7
Martin Lally, Uasal	8
Gerry Leydon, Uasal	5
Máire Lineen, Uasal	8
Áine Lynch, Uasal	7
Denis Magner, Uasal	6
Claire Markey, Uasal	8

Comhalta	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Sean McMahon, Uasal (Leas-Chathaoirleach)	8
Paul Mooney, Uasal	7
Noelle Moran, Uasal (Cathaoirleach)	8
Seamus Mulconry, Uasal	6
Yvonne Ní Mhurchu, Uasal	4
An Dr Pádraig Ó Duibhir	8
Seamus Ó Fearraigh, Uasal	8
Cathnia Ó Muircheartaigh, Uasal	5
Deirdre O'Connor, Uasal	8
Séamus O'Connor, Uasal	7
Prof. Anne O'Gara, Uasal	6
Seán O'Neill, Uasal	8
An tOll. Mary O'Sullivan	6
Gerry Quinn, Uasal	8
Eamonn Shaughnessy, Uasal	8
Tracie Tobin, Uasal	8
Frank Turpin, Uasal	7

*Bhí Mairéad Glynn, Uasal, ar shaoire mháithreachais i rith na bliana tuairiscithe.

Aguisín 3 Coistí agus painéil

Tá líon coistí agus painéal bunaithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta lena cuid oibre a éascú.

An Coiste Feidhmiúcháin

Déanann an Coiste Feidhmiúcháin feidhmiú éifeachtúil éifeachtach na Comhairle a éascú trí ghnó na Comhairle a stiúradh idir cruinnithe ginearálta.

Bhuail an Coiste, ar a bhfuil aon chomhalta déag, le chéile aon uair déag le linn na bliana. Tá tinreamh na gcruinnithe seo leagtha amach thíos.

Comhalta	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Mairéad Glynn, Uasal	8
John Holian, Uasal	7
Declan Kelleher, Uasal	9
Martin Lally, Uasal	10
Sean McMahon, Uasal	9
Paul Mooney, Uasal	10
Noelle Moran, Uasal (Cathaoirleach)	9
Deirdre O'Connor, Uasal	8
tOll. Mary O'Sullivan	8
Gerry Quinn, Uasal	4
Frank Turpin, Uasal	7

An Coiste Imscrúdaithe

Féadfaidh duine ar bith iarratas a dhéanamh chuig an gCoiste Imscrúdaithe ar fhiosrú a dhéanamh ar mhúinteoir cláraithe.

Bhuail an Coiste, ar a bhfuil aon chomhalta déag, le chéile ceithre huairé déag i rith na bliana. Tá tinreamh na gcruinnithe seo leagtha amach thíos.

Comhalta	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Michael Delargey, Uasal	3
Karen Devine, Uasal	10
Catherine Doolan, Uasal	13
Niall Duddy, Uasal	14
Mairéad Glynn, Uasal	9

Comhalta	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Ferdia Kelly, Uasal	10
Sean McMahon, Uasal (Cathaoirleach)	14
Paul Mooney, Uasal	13
*Noelle Moran, Uasal	6
Seamus Mulconry, Uasal	6
Seamus Ó Fearraigh, Uasal	13
*Gerry Quinn, Uasal	8

*Tháinig Noelle Moran, Uasal, in áit Gerry Quinn, Uasal, mar bhall den Choiste Imscrúdaithe le linn na bliana tuairiscithe.

An Coiste Araíonachta

Mar thoradh ar ghearáin a fhaigheann an Chomhairle Mhúinteoireachta maidir le múinteoirí cláraithe is féidir ar deireadh go réachtálfadh painéal den Choiste Araíonachta fiosrúchán maidir le feidhmiúlacht múinteora chun múineadh. D'fhéadfadh an Coiste Imscrúdaithe gearán a chur ar aghaidh chuig an gCoiste Araíonachta le haghaidh fiosrúcháin.

Tháinig an Coiste, ar a bhfuil dáréag chomhaltaí, le chéile cúig huairé i rith na bliana. Tá tinreamh na gcruinnithe seo leagtha amach thíos.

Comhalta	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Elizabeth Cooney, Uasal	5
Patricia Duffy, Uasal	2
Pat Gilmore, Uasal	4
Declan Kelleher, Uasal	5
Áine Lynch, Uasal	4
Denis Magner, Uasal (Cathaoirleach)	5
Claire Markey, Uasal	4
An Dr Pádraig Ó Duibhir	5
Seán O'Neill, Uasal	4
Eamonn Shaughnessy, Uasal	5
Tracie Tobin, Uasal	4
Frank Turpin, Uasal	3

Painéil an Choiste Araíonachta

Tháinig na Painéil le chéile cúig huaire i rith na bliana. Tá tinreamh na gcruinnithe seo leagtha amach thíos.

Comhalta	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
*Elizabeth Cooney, Uasal	2
**Áine Lynch, Uasal	3
**Denis Magner, Uasal	3
*Claire Markey, Uasal	2
*An Dr Pádraig Ó Duibhir	2
**Mr Eamonn Shaughnessy, Uasal	3
*Ar an bpainéal do dhá chruinniú.	
**Ar an bpainéal do thrí chruinniú.	

An Coiste Clárúcháin

Cuireann an Coiste Clárúcháin comhairle ar an gComhairle agus tugann sé moltaí di faoi gach réimse a bhaineann le múinteoirí a chlárú leis an gComhairle.

Tháinig an Coiste, ar a bhfuil triúr chomhaltaí déag, le chéile cúig huaire i rith na bliana. Tá tinreamh na gcruinnithe seo leagtha amach thíos.

Comhalta	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Niall Duddy, Uasal	5
Mary Fleming, Uasal	4
Pat Gilmore, Uasal	2
Mairéad Glynn, Uasal * (Cathaoirleach)	4
Colm Harte, Uasal	5
John Holian, Uasal	4
Gregor Kerr, Uasal	4
Martin Lally, Uasal	5
Gerry Leydon, Uasal	2
Yvonne Ní Mhurchu, Uasal**	1
An Dr Pádraig Ó Duibhir	5
Seamus Ó Fearraigh, Uasal	4
Cathnia Ó Muircheartaigh, Uasal**	2
Eamonn Shaughnessy, Uasal	4

*Bhí Mairéad Glynn ar shaoire mháithreachais i rith na bliana tuairiscithe .

**Tháinig Cathnia Ó Muircheartaigh, Uasal, in áit Yvonne Ní Mhurchú, Uasal i rith na bliana tuairiscithe.

Grúpa Athbhreithnithe ar Chlárú

Suíonn an Coiste Clárúcháin mar Ghrúpa Athbhreithnithe ar Chlárú i gcásanna nach bhfuil múinteoirí sásta le toradh faoi chinneadh a dhéanann Painéal agus iarrann siad go ndéanfar athbhreithniú ar an gcinneadh tosaigh. Tháinig an grúpa le chéile sé huaire i rith na bliana. Tarraingíonn comhaltaí den choiste a raibh baint acu le cinneadh an phainéil nó a bhfuil coimhlint leasa acu siar ón gcruinniú.

Comhalta	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Niall Duddy, Uasal	6
An Dr, Mary Fleming	2
Pat Gilmore, Uasal	2
Mairéad Glynn, Uasal* (Cathaoirleach)	5
Colm Harte, Uasal	4
John Holian, Uasal	5
Gregor Kerr, Uasal	6
Martin Lally, Uasal	5
Gerry Leydon, Uasal	2
An Dr Pádraig Ó Duibhir	6
Seamus Ó Fearraigh, Uasal	2
Cathnia Ó Muircheartaigh, Uasal	2
Eamonn Shaughnessy, Uasal	5

*Bhí Mairéad Glynn, Uasal, ar shaoire mháithreachais i rith na bliana tuairiscithe.

Painéal Clárúcháin

Tá an Painéal Clárúcháin freagrach as measúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le clárú na múinteoirí ar nós síneadh ama a bhronnadh orthu siúd a bhfuil clárú coinníollach acu.

Tháinig an Painéal Clárúcháin, ar a bhfuil 5 chomhalta, le chéile seacht n-uaire i rith na bliana. Tá tinreamh na gcruinnithe seo leagtha amach thíos.

Comhalta	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
John Holian, Uasal (Cathaoirleach)	6
Gregor Kerr, Uasal	5
Máire Lineen, Uasal	7
Claire Markey, Uasal	6
Yvonne Ní Mhurchu, Uasal	2

An Coiste Oideachais

Tá sé de fhreagracht ar an gCoiste Oideachais moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle maidir le polasaithe a bhaineann leis an leanúntas oideachas múinteoirí.

Tháinig an Coiste, ar a bhfuil triúr chomhaltaí déag, le chéile ceithre huaire i rith na bliana. Tá tinreamh na gcrúinnithe seo leagtha amach thíos.

Comhalta	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Elizabeth Cooney, Uasal	3
Michael Delargey, Uasal	2
Catherine Doolan, Uasal	4
Patricia Duffy, Uasal	3
Peter Finnegan, Uasal	2
Declan Kelleher, Uasal	4
Ferdia Kelly, Uasal	3
Máire Lineen, Uasal (Cathaoirleach)	4
Denis Magner, Uasal	3
Claire Markey, Uasal	4
Yvonne Ní Mhurchu, Uasal	1
Anne O'Gara, Uasal	4
An tOll. Mary O'Sullivan	4

An Coiste Airgeadais

The Committee, which consists of eight members, met on six occasions during the year. The attendances for these meetings are set out below. Déanann an Coiste Airgeadais maoirseacht ar ghnóthaí airgeadais na Comhairle.

Tháinig an Coiste, ar a bhfuil ochtar chomhaltaí, le chéile sé huaire i rith na bliana. Tá tinreamh na gcrúinnithe seo leagtha amach thíos.

Comhalta	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Niall Duddy, Uasal	6
Pat Gilmore, Uasal	6
Denis Magner, Uasal	5
Paul Mooney, Uasal	4
Noelle Moran, Uasal *	4
Séamus O'Connor, Uasal	4
Anne O'Gara, Uasal	4
Gerry Quinn, Uasal * (Cathaoirleach)	2
Frank Turpin, Uasal	5

*Tháinig Gerry Quinn, Uasal, in áit Noelle Moran, Uasal mar chomhalta den Choiste Airgeadais i rith na bliana tuairiscithe.

An Coiste Iniúchóireachta

Déanann an Coiste Iniúchóireachta monatóireacht ar chórais, rialuithe airgeadais agus nósanna imeachta na Comhairle chun a chinntiú go n-oibríonn siad ar bhealach ordúil agus éifeachtúil.

Tháinig an Coiste le chéile, ar a bhfuil cúigear chomhaltaí, le chéile cúig huaire i rith na bliana. Tá tinreamh na gcrúinnithe seo leagtha amach thíos.

Comhalta	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Elizabeth Cooney, Uasal	5
Martin Lally, Uasal	4
Seamus Mulconry, Uasal (Cathaoirleach)	5
Seamus Ó Fearraigh, Uasal	4
Séamus O'Connor, Uasal	5

Painéal Fianaise ar Charachtar

Déanann Painéal Fianaise ar Charachtar na Comhairle measúnú ar an bhfianaise ar charachtar a sholáthraíonn iarratasóirí atá ag iarraidh clárú mar mhúinteoirí leis an gComhairle.

Tháinig an Painéal, ar a bhfuil ochtar chomhaltaí, le chéile aon uair déag i rith na bliana. Tá tinreamh na gcrúinnithe seo leagtha amach thíos.

Comhalta	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Elizabeth Cooney, Uasal	4
Patricia Duffy, Uasal	5
An Dr Mary Fleming	7
Colm Harte, Uasal (Cathaoirleach)	11
Denis Magner, Uasal	9
Sean McMahon, Uasal	8
Paul Mooney, Uasal	8
Seamus Mulconry, Uasal	8

Painéal Cáilíochtaí

Déanann Painéal Cáilíochtaí na Comhairle measúnú ar cháilíochtaí gairmiúla na n-iarratasóirí atá ag iarraidh clárú mar mhúinteoirí.

Tháinig an Painéal, ar a bhfuil seisear chomhaltaí, le chéile, seacht n-uaire i rith na blianta. Tá tinreamh na gcruinnithe seo leagtha amach thíos.

Comhalta	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Karen Devine, Uasal	3
An Dr Mary Fleming (Cathaoirleach)	6
Seamus Ó Fearraigh, Uasal	5
Seán O'Neill, Uasal	7
Tracie Tobin, Uasal	6

Droichead Quality Assurance Process Group

The Droichead Quality Assurance Process Group met on four occasions during the year.

Comhalta	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Elizabeth Cooney, Uasal	3
Niall Duddy, Uasal	2
Tracie Tobin, Uasal	3

Grúpa Oibre Cosán

Tháinig Grúpa Oibre Cosán le chéile sé huaire i rith na bliana. Bhí an grúpa déanta suas de mhúinteoirí atá ag cleachtadh agus na páirtithe leasmhara cuí agus tugadh an tasc dóibh an próiseas forbartha ceithre bliana a chomhordú do Cosán.

Ainm	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Elizabeth Cooney, Uasal	4
Catherine Doolan, Uasal	4
Mairéad Glynn, Uasal	2
Colm Harte, Uasal	6
Declan Kelleher, Uasal	3
Maire Lineen, Uasal	6
Claire Markey, Uasal	5
Seán O'Neill, Uasal	4

Aguisín 4 Costais chomhaltaí na Comhairle 2017

Costais Cruinnithe – Bliain Airgeadais 2017, 1 Eanáir go dtí 31 Nollaig

Comhalta	Costais a Éilíodh	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Elizabeth Cooney, Uasal	€2,855.39	35
Michael Delargey, Uasal	€2,837.85	8
Karen Devine, Uasal	€3,082.57	16
Catherine Doolan, Uasal	€4,340.08	28
Niall Duddy, Uasal	€8,435.14	38
Patricia Duffy, Uasal	€86.76	11
Peter Finnegan, Uasal	€0.00	6
An Dr Mary Fleming	€3,307.46	25
Pat Gilmore, Uasal	€5,101.90	20
Mairéad Glynn, Uasal	€688.32	42
Colm Harte, Uasal	€4,680.76	34
John Holian, Uasal	€7,716.10	30
Declan Kelleher, Uasal	€10,688.77	33
Ferdia Kelly, Uasal	€331.05	19
Gregor Kerr, Uasal	€291.82	23
Martin Lally, Uasal	€0.00	32
Gerry Leydon, Uasal	€130.78	2
Maire Lineen, Uasal	-€342.38	25
Áine Lynch, Uasal	€0.00	16
Denis Magner, Uasal	€2,211.87	33
Claire Markey, Uasal	€0.00	30
Sean McMahon, Uasal *	€16,211.51	37
Paul Mooney, Uasal	€3,920.47	40
Noelle Moran, Uasal *	€10,771.73	34
Seamus Mulconry, Uasal	€0.00	26
Yvonne Ní Mhurchú, Uasal	€2,117.44	17
An Dr Pádraig Ó Duibhir	€513.32	25
Seamus Ó Fearraigh, Uasal	€10,273.71	38
Cathnia Ó Muircheartaigh, Uasal	€204.24	2
Deirdre O'Connor, Uasal	€201.52	16
Séamus O'Connor, Uasal	€8,135.97	21
Anne O'Gara, Uasal	€615.10	14
Seán O'Neill, Uasal	€1,101.59	24
An tOll. Mary O'Sullivan	€4,728.10	22
Gerry Quinn, Uasal	€1,964.38	20
Eamonn Shaughnessy, Uasal	€7,840.40	29
Tracie Tobin, Uasal	€5,913.72	21
Frank Turpin, Uasal	€432.91	19

*Chomh maith leis na cruinnithe coiste agus cruinnithe den Chomhairle atá thuasluaite, bhí an cathaoirleach agus an leas-chathaoirleach, ina ról faoi seach, rannpháirteach in imeachtaí agus i gcruinnithe thar ceann na Comhairle i rith na tréimhse tuairiscithe 12 mhí.

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Block A, Maynooth Business Campus,
Maynooth, Co. Kildare, Ireland

Telephone +353 1 651 7900
Email info@teachingcouncil.ie

www.teachingcouncil.ie

An Chomhairle
Mhúinteoireachta 
The Teaching Council